Fiontraíocht Éireann

# Tuarascáil Inbhuanaitheachta 2024



# Clár Ábhair


Dul chun cinn 2024 in aghaidh Tosaíochtaí Straitéiseacha 1

Litir ón POF agus ón gCathaoirleach 2

Struchtúr Gnó agus Raon Feidhme Fhiontraíocht Éireann 4

Ár Straitéis Chorparáideach agus Plean Inbhuanaitheachta 5

Rialachas Inbhuanaitheachta 8

Tionchair agus Rioscaí Fhiontraíocht Éireann – Measúnú Ábharthachta Dúbailte 9

An Plean Inbhuanaitheachta i bhFeidhm 10

An Inbhuanaitheacht in Oibríochtaí Fhiontraíocht Éireann 11

Gníomhú ar son na hAeráide 11

Fostaíocht Ardchaighdeáin agus Comhdheiseanna 14

Infheistíocht Fhreagrach 18

Iompar Gnó, Eitic agus Comhlíonadh 18

Cibearshlándáil agus Slándáil Sonraí 19

Ag Tacú leis an Inbhuanaitheacht i bhFiontraíocht na hÉireann 20

Gníomhú ar son na hAeráide 20

Ag Tacú le Fás Inbhuanaithe i bhFiontraíocht na hÉireann 27

Ag Tacú le Fostaíocht Ardchaighdeáin agus Comhdheiseanna i bhFiontraíocht na hÉireann 31

Aguisín 1 34

Ábharthacht – Modheolaíocht 34

Sainmhínithe ar Ábharthacht agus Páirtithe Leasmhara 35

Liosta na bPáirtithe Leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo 36

Aguisín 2 37

Creataí Inbhuanaitheachta agus Oibleagáidí Tuairiscithe 37

Aguisín 3 39

Achoimre Iomlán ar Mhéadracht Inbhuanaitheachta Fhiontraíocht Éireann 39

# Dul chun cinn 2024 in aghaidh Tosaíochtaí Straitéiseacha

## Gníomhú ar son na hAeráide

**Laghdú 59%**
ar an mbonnlíne a baineadh amach in astaíochtaí carbóin baile Fhiontraíocht Éireann (Raon feidhme 1 agus 2) in 2024

**Laghdú 21%**
ar an mbonnlíne a baineadh amach in astaíochtaí cliant Fhiontraíocht Éireann (Astaíochtaí Cliant CTA*) in 2024

## Fostaíocht Ardchaighdeáin agus Comhdheiseanna

Béim leanúnach Fhiontraíocht Éireann ar thagarmharcanna cothromais, éagsúlachta agus cuimsithe agus folláine a bhaint amach

**234,454 phost**
i gcuideachtaí a fuair tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann in 2024

## Fás Inbhuanaithe

Bhí plean inbhuanaitheachta ag **30%** de chliaint Fhiontraíocht Éireann in 2024

Bhí astaíochtaí á dtomhas ag **10%** de na cliaint in 2024

*** Foinsí:** Clárlann an Aontais - Gníomhú ar son na hAeráide - An Coimisiún Eorpach | Astaíochtaí Fíoraithe do 2024

# Litir ón POF agus ón gCathaoirleach

Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta do thacú le gnólachtaí Éireannacha tosú, dul in iomaíocht, fás agus ceangal, agus fás i margaí domhanda. Tacaímid lenár gcuideachtaí is cliaint poist ardchaighdeáin a chruthú in Éirinn, agus san am céanna cuirimid go mór leis an ngeilleagar náisiúnta agus cabhraímid le pobail inbhuanaithe a chruthú ar fud na tíre.

Is mian linn dlús a chur le fás inbhuanaithe ghnó na hÉireann, agus is é an uaillmhian atá againn go mbeidh cuideachtaí Éireannacha a onnmhairíonn ina bpríomhthiománaí ar an ngeilleagar, agus tionchair dhearfacha chomhshaoil agus shóisialta á seachadadh acu san am céanna. Thug Fiontraíocht Éireann tacaíocht do chuideachtaí a raibh 234,454 duine fostaithe acu i mbailte agus i sráidbhailte ar fud na tíre in 2024, agus bhí luach €36.75 bhilliún ar na honnmhairí – is iad sin an dá leibhéal is airde riamh dár mbonn cliant. Chaith na cuideachtaí sin €42 bhilliún sa gheilleagar áitiúil anuraidh freisin, caiteachas a bhfuil fíorthionchar aige.

Táimid anois ag pointe ríthábhachtach ar an aistear seo, de réir mar atá slabhraí soláthair domhanda á n-athchumrú, costais ag leanúint ar aghaidh ag méadú, margaí dothuartha, dúshláin aeráide ag luasghéarú, teicneolaíocht ag cur as don ghnó ar luas mór, agus éiginnteacht gheopholaitiúil fós i réim.

Ach i measc na luaineachta sin, tá buntáiste mór ag fiontraíocht na hÉireann - is é sin, lúfaracht atá treisithe ag taithí, nuálaíocht agus cáil dhomhanda aitheanta as barr feabhais.

Tá ár n-uaillmhian maidir lenár mbonn cliant ard, agus tá sé ríthábhachtach dúinn ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla. D'fhoilsigh Fiontraíocht Éireann a chéad Phlean Inbhuanaitheachta níos luaithe i mbliana, inar leagadh amach ár bhfís chun tionchar, seasmhacht agus clú Fhiontraíocht Éireann agus ár mbonn cliant a mhéadú. Agus táimid tiomanta é sin a dhéanamh trí bheith ag tacú lenár mbonn cliant chun gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach, fostaíocht ardchaighdeáin agus comhdheiseanna a chruthú agus a chothú, agus fás inbhuanaithe á bhaint amach san am céanna.

Tá an inbhuanaitheacht fós ina príomhthoisc iomaíochais dár gcliaint i margaí móra, lena n-áirítear an limistéar euro agus an Ríocht Aontaithe. Chomh maith le comhlíonadh rialála, leanfaidh tionchair dhearfacha ón mbonnlíne de bheith ag an inbhuanaitheacht, mar phointe difreála le custaiméirí, infheisteoirí agus fostaithe.

Táimid tiomanta, dá bhrí sin, tacú lenár gcliaint trádáil inbhuanaithe a dhéanamh trína ndintiúir chomhshaoil, shóisialta agus rialachais a neartú. Tá os cionn €60 milliún de mhaoiniú ceadaithe againn chun tacú le dícharbónú agus aistriú inbhuanaithe ghnólachtaí na hÉireann ó 2022 ar aghaidh, faoin Scéim um Chúnamh Comhshaoil agus faoin gCiste um Aistriú Glas.

Tá go leor de na réitigh is gá ag fiontraíocht na hÉireann chun aghaidh a thabhairt ar raon leathan na ndúshlán domhanda comhroinnte, agus táimid ag tacú leo a bheith ina spreagadh don athrú, teorainneacha a shárú trí nuálaíocht agus comhar, agus cuidiú leis an todhchaí a mhúnlú. Inár gcéad Tuarascáil Inbhuanaitheachta tá nuashonrú ar dhul chun cinn an phlean seo, agus déantar é a thomhas de réir príomh-mhéadracht inbhuanaitheachta, chomh maith le breac-chuntas a thabhairt ar na saincheisteanna, na rioscaí agus na deiseanna a tháinig chun cinn inár n-eagraíocht agus inár mbonn cliant ar an aistear seo, agus na gníomhartha a rinneadh chun aghaidh a thabhairt orthu.

Agus an tuarascáil seo á foilsiú, tá sé mar aidhm ag Fiontraíocht Éireann dea-shampla a thabhairt trí thrédhearcacht agus cuntasacht a léiriú maidir leis na gealltanais atá leagtha amach inár bPlean Inbhuanaitheachta. Tá an deis seo á tapú againn freisin chun aird a tharraingt ar éachtaí roinnt dár gcliaint atá ag léiriú ceannaireachta i gcleachtais agus infheistíochtaí inbhuanaithe.

## Gníomhú ar son na hAeráide

Astaíochtaí carbóin a laghdú laistigh dár n-oibríochtaí féin agus laistigh de chuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann, agus tionscadail cheannródaíocha dícharbónaithe fiontair a chur chun cinn.

**I measc an dul chun cinn a rinneadh, tá an méid seo a leanas:**

- Cheadaigh Fiontraíocht Éireann os cionn €60 milliún de mhaoiniú chun tacú le dícharbónú agus aistriú inbhuanaithe ghnólachtaí na hÉireann ó 2022 ar aghaidh, rud a chuaigh chun tairbhe do níos mó ná 500 cuideachta Éireannach. Is é an toradh díreach a bhí air sin gur laghdaigh na cuideachtaí sin astaíochtaí CO2 thart ar 130,000 tona ó shin.
- Cuireadh raon beart éifeachtúlachta fuinnimh agus bainistithe dramhaíola i bhfeidhm ag Fiontraíocht Éireann, lena n-áirítear feabhsuithe ar éifeachtúlacht soilsithe agus priontála, uathoibriú monatóireachta agus tomhais dramhaíola bia trínár gcomhpháirtíocht leis an gcuideachta cliant Positive Carbon, agus baint amach dheimhniú an Fhostóra Rothaíochta-Chairdiúil Óir ón gCónaidhm Eorpach Rothaithe ag ár gCeanncheathrú in Phointe Thoir.

## Fostaíocht Ardchaighdeáin agus Comhdheiseanna

Poist nua ardchaighdeáin a chruthú ar fud na hÉireann agus díriú ar fhorbairt scileanna, ar

chothromas, ar éagsúlacht agus ar chuimsiú laistigh dár n-eagraíocht agus laistigh den bhonn fiontraíochta.

**I measc an dul chun cinn a rinneadh, tá an méid seo a leanas:**

- Cur chun cinn leanúnach an chothromais, na héagsúlachta agus an chuimsithe ag Fiontraíocht Éireann, lena n-áirítear gníomhaíochtaí múscailte feasachta agus ár gcomhpháirtíocht leanúnach le heagraíochtaí amhail Tionscnamh na nDoirse Oscailte.
- Thug Fiontraíocht Éireann tacaíocht do chuideachtaí a d'fhostaigh 234,454 dhuine ar fud na hÉireann in 2024, agus cruthaíodh 15,741 phost nua an bhliain sin agus bhí 66% díobh sin lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.
- Tá Fiontraíocht Éireann ag obair chun tuiscint níos fearr a fháil ar na dúshláin atá os comhair grúpaí faoi ghannionadaíocht maidir le gnólachtaí nua a bhunú, agus chun rannpháirtíocht leis an ngrúpa sin a fheabhsú.

## Fás Inbhuanaithe

Tacú le cuideachtaí Éireannacha trádáil inbhuanaithe a dhéanamh agus ár bpunann inbhuanaitheachta agus teicneolaíochta aeráide a mhéadú.

**I measc an dul chun cinn a rinneadh, tá an méid seo a leanas:**

- Mheall Cruinniú Mullaigh Inbhuanaitheachta Fhiontraíocht Éireann i mí na Samhna 2024 freastal ó bhreis agus 500 ceannaire tionscail, déantóir beartais agus saineolaí inbhuanaitheachta. Dhírigh an Cruinniú Mullaigh ar an gcaoi ar féidir le cuideachtaí Éireannacha inbhuanaitheacht a chomhtháthú ina bpríomhstraitéisí agus iomaíochas a fheabhsú, trí tháirgí agus seirbhísí inbhuanaithe agus atá seasmhach in aghaidh na haeráide.
- Cuireann Fiontraíocht Éireann seimineáir ghréasáin maidir le fiontair inbhuanaithe ar fáil go leanúnach lena gcumhdaítear raon leathan ábhar inbhuanaitheachta, rud a thugann léargas tábhachtach do FBManna agus do chuideachtaí móra ar an tírdhreach inbhuanaitheachta atá ag teacht chun cinn.
- Tacaíocht leanúnach do chuideachtaí is cliaint trí réimse deontas inbhuanaitheachta, tacaíochtaí oiliúna agus cumais, lena n-áirítear ceardlanna Kickstarter agus Clár na gCeannairí Inbhuanaitheachta, a chuirtear ar fáil i gcomhar le Skillnet Ireland agus Acadamh Réidh don Aeráid Skillnet.

Tá dul chun cinn mór déanta againn i dtreo ár bhfís inbhuanaitheachta a bhaint amach le bliain anuas, agus táimid tiomanta i gcónaí ár dtionchar a dhoimhniú, agus tionscnaimh nua á bhforbairt agus á gcur chun feidhme againn an bhliain seo chugainn.

Is céim thábhachtach í seo chun fás inbhuanaithe a leabú a thuilleadh inár gcleachtais, ag cinntiú go mbainimid dul chun cinn seasta amach i gcoinne ár spriocanna, agus muid ag obair go diongbháilte i gcomhpháirtíocht lenár gcliaint, leis an Rialtas, agus le comhghleacaithe agus páirtithe leasmhara eile ar fud an éiceachórais.



**Jenny Melia**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



**Jim Woulfe**
Cathaoirleach Eatramhach

# Struchtúr Gnó agus Raon Feidhme Fhiontraíocht Éireann

## Is gníomhaireacht stáit na hÉireann í Fiontraíocht Éireann atá freagrach as forbairt agus fás fiontair Éireannacha i margaí an domhain.

Is é an príomhshainordú atá againn ná timpeallacht na fiontraíochta a fheabhsú trí dhlús a chur le gnólachtaí Éireannacha tosú, dul in iomaíocht, fás agus ceangal, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tacaímid le cuideachtaí Éireannacha poist agus onnmhairí a fhás, agus gnólachtaí nuathionscanta nuálacha a chothú le go mbeidh rath domhanda orthu sa todhchaí. In 2024, thacaigh an ghníomhaireacht le breis agus 4,000 cuideachta nuálacha faoi úinéireacht Éireannach, a raibh níos mó ná 234,000 duine fostaithe acu le chéile. Tá na gnólachtaí sin ríthábhachtach do gheilleagar na hÉireann, rud a chuireann go mór le cruthú post agus le forbairt réigiúnach, agus 66% den fhostaíocht lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Cuimsíonn obair na gníomhaireachta roinnt réimsí straitéiseacha. Infheistímid i ngnólachtaí nuathionscanta, le níos mó ná 4,000 infheistíocht dhíreach, agus d'infheistíomar €76 mhilliún trí Chaipiteal Fiontair agus Cothromas Díreach in 2024 amháin. Cuireann Fiontraíocht Éireann inbhuanaitheacht chun cinn freisin trí mhaoiniú agus trí chláir amhail an Dearbhán um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Clár na gCeannairí Inbhuanaitheachta.

Príomhréimse béime eile is ea an nuálaíocht, agus infheistíonn cliaint €1.6 bhilliún i gcaiteachas T&F, agus cuireann Fiontraíocht Éireann tacaíocht ar fáil chun comhar a éascú trí Ionaid Teicneolaíochta, Ollscoileanna na hÉireann agus cláir AE. Ina theannta sin, cuidíonn an ghníomhaireacht le cuideachtaí Éireannacha leathnú ar fud an domhain trí líonra de 10 n-oifig Éireannacha agus 42 oifig idirnáisiúnta, agus neartaíonn sí an fiontraíocht réigiúnach trí chomhpháirtíochtaí le hOifigí Fiontair Áitiúla agus le braislí réigiúnacha.

Tá forbairt na ceannaireachta lárnach freisin i straitéis Fhiontraíocht Éireann. In 2024, chuir an eagraíocht cláir shaincheaptha ar fáil do bhreis agus 800 rannpháirtí, agus é mar aidhm aici cumais straitéiseacha a fhorbairt agus fás inbhuanaithe a chothú. Trínár gcóras tacaíochta cuimsitheach — ó mhaoiniú agus nuálaíocht go leathnú domhanda agus oiliúint ceannaireachta — tá ról ríthábhachtach ag Fiontraíocht Éireann maidir le hearnáil fiontraíochta Éireannach atá seasmhach, iomaíoch agus réidh don todhchaí a mhúnlú.



# Ár Straitéis Chorparáideach agus Plean Inbhuanaitheachta

Is é an príomhchuspóir atá againn mar eagraíocht ná dlús a chur le gnó Éireannach inbhuanaithe, rud a chuirfidh ar chumas fiontar Éireannach tosú, dul in iomaíocht, dul i méid agus ceangal ar fud an domhain. Is mian linn go mbeidh rath ar ghnólachtaí na hÉireann, rud a chruthóidh poist agus toradh eacnamaíoch d'Éirinn agus dá muintir.

Tá dlúthnasc idir ár mbéim inbhuanaitheachta agus ár sainordú forbartha eacnamaíche. Cuireann fostaíocht ardchaighdeáin agus maoirseacht chomhshaoil le muinín an phobail i bhfiontraíocht na hÉireann chomh maith le Fiontraíocht Éireann, agus réitíonn siad an bealach do chruthú post inbhuanaithe fadtéarmacha agus do ghiniúint luacha eacnamaíoch.

## Béim Straitéiseach

Leagtar amach i Straitéis Chorparáideach cúig bliana Fhiontraíocht Éireann, dar teideal *'Ag Déanamh Beart d'Éirinn, Ar Thús Cadhnaíochta ar Fud an Domhain'* go dtí 2029, an chaoi a bhfuil sé mar aidhm againn ár n-uaillmhian a bhaint amach maidir le cuideachtaí Éireannacha a onnmhairíonn a bheith ina bpríomhthiománaí do gheilleagar na hÉireann, trí thacú leo tosú, dul in iomaíocht, fás agus ceangal. Is í an sprioc atá againn sna cúig bliana amach romhainn tacú le gnólachtaí Éireannacha cur níos mó fós le geilleagar na hÉireann trí fhás idirnáisiúnta agus trí fhostaíocht a chruthú anseo in Éirinn. Bainfimid é sin amach trí bhorradh a chur faoi phíblíne na ngnólachtaí nuathionscanta nuálacha, trí thacú le cuideachtaí a bheith níos táirgiúla agus níos inbhuanaithe, trí líon na gcuideachtaí Éireannacha is fearr ar domhan a mhéadú, agus trí éiceachóras fiontraíochta iomaíoch agus idirnasctha a chothú.

## Príomhghealltanais faoin bPlean Inbhuanaitheachta:

Is í an fhís atá againn ná tionchar, seasmhacht agus clú inbhuanaithe Fhiontraíocht Éireann agus na gcuideachtaí a dtacaímid leo a mhéadú.

Trínár gcuid oibre, geallaimid an méid seo a leanas a uasmhéadú:

- Ár dtionchair dhearfacha ar an gcomhshaol agus ar an tsochaí trí fhostaíocht ardchaighdeáin agus fás onnmhairithe a ghiniúint, agus san am céanna astaíochtaí fiontar a laghdú agus táirgeadh freagrach agus maoirseacht chomhshaoil a chur chun cinn.
- Seasmhacht ár bpunann infheistíochta trí thacú lenár gcuideachtaí is cliaint cleachtais ghnó inbhuanaithe agus deiseanna fáis a fhorbairt, agus rioscaí inbhuanaitheachta á mbainistiú go dícheallach ar fud ár bpunann deontas agus infheistíochtaí.
- Clú Fhiontraíocht Éireann, ár gcliaint agus ár ndaoine mar cheannairí inbhuanaitheachta – trí cheannaireacht a léiriú agus muinín a dhaingniú leis an bpobal, le hinfheisteoirí agus leis an éiceachóras páirtithe leasmhara níos leithne, mar thoradh ar ár ngníomhaíochtaí inbhuanaitheachta agus ár gcuntasacht.

# Ag Déanamh Beart d'Éirinn, Ar Thús Cadhnaíochta ar Fud an Domhain: Straitéis 2025-2029

## Dlús a chur le Gnó Inmharthana na hÉireann chun

- **Tosaigh**
- **Téigh in Iomaíocht**
- **Scála**
- **Ceangail**

## ag baint úsáide as príomhghiaráil de

- **Uaillmhian a Chistiú**
- **Scileanna agus Tallann a Neartú**
- **Nuálaíocht a Spreagadh**
- **Deiseanna Domhanda a Uasmhéadú**
- **Glacadh le hInbhuanaitheacht**
- **Feidhmíocht Tiomána**

## arna seachadadh trí

- **Ár nDaoine agus ár gCultúr**
- **Sármhaitheas Seirbhíse**
- **Ár gComhpháirtíochtaí**

## le rath a thomhas in aghaidh

- **275,000 post** i gcuideachtaí a fuair tacaíocht in 2029
- **Laghdú 35% ar astaíochtaí** $CO^2$ i gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht faoi 2030
- Méadú **3%** ar an **meántáirgiúlacht** bhliantúil 2025-2029
- **Onnmhairí €50bn** ó chuideachtaí dá dtugtar tacaíocht in 2029
- **Caiteachas €55bn** ag cuideachtaí a fhaigheann tacaíocht i ngeilleagar na hÉireann in 2029
- **1,000 gnólacht nuathionscanta** nua a fuair tacaíocht ó 2025 - 2029
- **1,700 easpórtálaí** breise **faoi úinéireacht Éireannach** faoi 2029
- **150** cuideachta **mhór easpórtála Éireannach** faoi 2029
- **Caiteachas €2.2bn** ar thaighde, forbairt agus nuáil ag cuideachtaí in 2029
- **+70 Scór Glantionscnóra Fhiontraíocht Éireann** in 2029

## Is iad seo a leanas na príomhghealltanais atá leagtha amach againn faoin bPlean Inbhuanaitheachta (2025-2029):

### Gníomhú ar son na hAeráide

**Laghdú 75%**
ar astaíochtaí carbóin Fhiontraíocht Éireann féin (Raon feidhme 1 agus 2) faoi 2030

**Laghdú 35%**
ar astaíochtaí CO2 ó chuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann (cliaint CTA) faoi 2030

### Fostaíocht Ardchaighdeáin agus Comhdheiseanna

Tá sé beartaithe ag Fiontraíocht Éireann tagarmharcanna maidir le Cuimsiú agus Áit Shláintiúil Oibre a bhaint amach faoi 2027

**275,000 post**
i gcuideachtaí a bhfaighidh tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann in 2029

### Fás Inbhuanaithe

Infheistíocht fhreagrach, neodrach ó thaobh carbóin de, agus tacaíocht deontais a spreagadh

Go mbeidh pleananna inbhuanaitheachta ag **80%** de chuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann, agus go mbeidh siad ag tomhas astaíochtaí, in 2029

# Rialachas Inbhuanaitheachta

Tá rialachas láidir maidir le hinbhuanaitheacht ríthábhachtach chun na gealltanais sin a bhaint amach. Cinntíonn sé go ndéantar tosca comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a mheas agus a chur chun feidhme le linn próisis fhoirmithe beartais agus chinnteoireachta, rud a chuireann ar chumas na heagraíochta muinín a chothú, gníomhú go freagrach agus go trédhearcach, riosca a mhaolú agus luach fadtéarmach a chruthú do Fhiontraíocht Éireann agus dá cliaint araon.

Feidhmíonn Jenny Melia, POF Fhiontraíocht Éireann, mar urraitheoir feidhmiúcháin do ghníomhaíocht aeráide agus inbhuanaitheachta Fhiontraíocht Éireann. Tá réimse foirne ar fud na heagraíochta freagrach as gníomhaíochtaí a chur i gcrích faoin bPlean Inbhuanaitheachta, agus tuairiscíonn Foireann an Chláir Inbhuanaitheachta dul chun cinn don urraitheoir feidhmiúcháin ar bhonn míosúil.

Tá an Coiste Feidhmiúcháin agus an Bord freagrach ar deireadh as cinntí maidir le príomhthionscnaimh inbhuanaitheachta agus as monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn faoin bPlean Inbhuanaitheachta.



# Tionchair agus Rioscaí Fhiontraíocht Éireann – Measúnú Ábharthachta Dúbailte

Agus a Phlean Inbhuanaitheachta á ullmhú aici, rinne Fiontraíocht Éireann a chéad mheasúnú ábharthachta in 2024. Cuidíonn measúnuithe ábharthachta le heagraíochtaí anailís a dhéanamh ar thionchair agus rioscaí agus iad a chur in ord tosaíochta ar fud raon leathan ábhar comhshaoil, sóisialta agus rialachais.

Lean measúnú ábharthachta Fhiontraíocht Éireann modheolaíocht na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach le haghaidh ábharthacht dhúbailte. Rinneadh comhairliúcháin fhorleathana le páirtithe leasmhara seachtracha agus inmheánacha chun ár dtosaíochtaí a ailíniú go héifeachtach.

Forbraíodh Maitrís Ábharthachta bunaithe ar thorthaí an Mheasúnaithe Ábharthachta (Fíor 1). D'aithin comhghleacaithe agus páirtithe leasmhara Fhiontraíocht Éireann go raibh tábhacht ag baint leis na topaicí uile sa mhaitrís.

Rangaítear ábhair idir 'an-tábhachtach' agus 'is tábhachtaí' agus tuairiscítear iad siúd a shainaithnítear a bheith sa chatagóir 'is tábhachtaí' inár nochtuithe inbhuanaitheachta ábhartha. (Féach Aguisín 1 chun sainmhíniú a fháil ar gach topaic a sainaithníodh agus liosta de na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo).

Measadh go raibh roinnt de na hábhair sin ábhartha go straitéiseach don eagraíocht agus, dá bhrí sin, tugadh tús áite dóibh inár bPlean Inbhuanaitheachta 2025-29.

Is iad seo a leanas na topaicí sin:

- Laghdú Astaíochtaí – príomhréimse béime an Cholúin um Ghníomhú ar son na hAeráide den Phlean Inbhuanaitheachta
- Inbhuanaitheacht Cliant agus Infheistíocht Fhreagrach agus Tacaíocht a Chur Chun Cinn – bonn eolais faoi Cholún Inbhuanaitheachta Punainne an Phlean
- Fostaíocht Ardchaighdeáin agus Cóir Chomhionann agus Comhdheiseanna – bonn eolais faoi Cholún an Phlean maidir le Fostaíocht Ardchaighdeáin agus Comhdheiseanna

Ina theannta sin, is ceanglais riachtanacha rialachais iad Eitic agus Comhlíonadh agus Cibearshlándáil agus Slándáil Sonraí do Fhiontraíocht Éireann. Clúdaítear iad inár nochtuithe ábhartha in éineacht leis na topaicí tosaíochta a leagtar amach thuas.

Baineann na hábhair seo a leanas le Fiontraíocht Éireann agus lena cliaint araon:

- Laghdú astaíochtaí
- Fostaíocht ardchaighdeáin
- Cóir chomhionann agus comhdheiseanna
- Oiriúnú don athrú aeráide
- Bainistíocht fhreagrach an tslabhra soláthair
- Ciorclaíocht
- Bainistíocht Uisce
- Bithéagsúlacht


Baineann na hábhair seo a leanas go sonrach le gníomhaíochtaí Fhiontraíocht Éireann:

- Inbhuanaitheacht na gcliant a chur chun cinn
- Infheistíocht fhreagrach agus tacaíocht
- Eitic agus comhlíonadh
- Cibearshlándáil agus slándáil sonraí

## An Plean Inbhuanaitheachta i bhFeidhm

Leagtar amach sna ranna seo a leanas den tuarascáil na dúshláin, na rioscaí agus na deiseanna inbhuanaitheachta do Fhiontraíocht Éireann agus dá cliaint sna réimsí tosaíochta a sainaithníodh sa Mheasúnú Ábharthachta. Cumhdaítear freisin príomhthionscnaimh straitéiseacha reatha agus amach anseo, chomh maith leis an méadracht feidhmíochta i ndáil le gach réimse tosaíochta (tabhair faoi deara nach rianaítear méadracht feidhmíochta le haghaidh Infheistíocht Fhreagrach, Iompar Gnó, Eitic agus Comhlíonadh, ná Cibearshlándáil agus Slándáil Sonraí, áit a ndírítear ar ár gcur chuige rialachais).

**Fíor 1: Maitrís Ábharthachta Fhiontraíocht Éireann**



# An Inbhuanaitheacht in Oibríochtaí Fhiontraíocht Éireann

## Gníomhú ar son na hAeráide

Chun an sprioc náisiúnta maidir le laghdú 51% ar astaíochtaí CO2 a bhaint amach faoi 2030, ní mór gníomhú go pras agus tá ról tábhachtach le himirt ag earnáil phoiblí na hÉireann ina leith sin. Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta dá hastaíochtaí féin a laghdú chun spriocanna náisiúnta Raon Feidhme 1 agus 2 a bhaint amach chomh maith le feabhsuithe móra ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach.

Féachfaimid freisin lenár bpróifíl astaíochtaí idirnáisiúnta ar fud Raon Feidhme 1, 2 agus 3 a thuiscint, chun bealaí a aimsiú chun astaíochtaí carbóin a laghdú inár n-oifigí idirnáisiúnta, i dtaisteal agus i mbainistiú dramhaíola.

Tá spriocanna laghdaithe astaíochtaí ag Fiontraíocht Éireann faoi láthair dá cuid oibríochtaí in Éirinn. Cumhdaítear astaíochtaí teirmeacha agus leictreachais leis na spriocanna sin. Tá sé mar aidhm ag Fiontraíocht Éireann na hastaíochtaí sin a laghdú faoi 75% faoi 2030 (ó 1,392 thona in 2016-2018 go dtí 353 thona faoi 2030), éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 50% faoi 2030, agus astaíochtaí breosla iontaise a laghdú faoi os cionn 50% (ó 201 thona in 2016-2018 go dtí 98 dtona faoi 2030).

Cuireann Fiontraíocht Éireann a sonraí fuinnimh agus astaíochtaí faoi bhráid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann lena rianú agus lena mbailíochtú. De réir na sonraí is déanaí ó Chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe SEAI, d'éirigh le Fiontraíocht Éireann a hastaíochtaí iomlána bliantúla CO2 a laghdú go dtí 572.4 thona in 2024, ar laghdú 59% é sin ar an mbonnlíne. Taifeadadh astaíochtaí breosla iontaise ag 136 thona in 2024, is é sin 32% faoi bhun na bonnlíne.

### Astaíochtaí

Laghdaíodh iomlán bliantúil na n-astaíochtaí $CO_2$ go

**572.4 thona**

in 2024, ar

**laghdú 59%**

é sin ar an mbonnlíne

Taifeadadh astaíochtaí breosla iontaise ag

**136 thona**

in 2024, is é sin

**32% faoi**

bhun na bonnlíne

### Feidhmíocht Fhiontraíocht Éireann i gcoinne príomhspriocanna agus méadrachta a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide

| Topaic Ábhartha | Cineál | PTF | Sprioc do 2029 | Bonnlíne | Toradh 2022 | Toradh 2023 | Toradh 2024 | Treocht (Bliain ar Bhliain) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gníomhú ar son na hAeráide – Fiontraíocht Éireann | Sprioc | Astaíochtaí náisiúnta GCT Fhiontraíocht Éireann Scóip 1 agus 2 | Tá gach cosúlacht ann go mbainfear laghdú 74% (go 353 tona CO2) amach faoi 2030; Gar do neodracht faoi 2050 | 1392.4 tonna CO2 (meán 2016 -18) | 824.5t$CO_2$ | 602.5t$CO_2$ | 572.4t$CO_2$ | Dearfach (glas) |
| Gníomhú ar son na hAeráide – Fiontraíocht Éireann | Sprioc | Éifeachtúlacht fuinnimh Fhiontraíocht Éireann ar an leibhéal náisiúnta (Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh – úsáid fuinnimh in aghaidh na troighe chearnaí) | Feabhas 50% a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh (Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh de 315) faoi 2030 | Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh de 629 in 2009 | Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh de 252 | Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh de 201 | Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh de 197 | Dearfach (glas) |
| Gníomhú ar son na hAeráide – Fiontraíocht Éireann | Rianú & tuairisciú | Astaíochtaí breosla iontaise intíre | 98.5 tonna (2030) | 200.9 tonna (meán 2016-2018) | 152.9 tonna | 129.6 tonna | 136.1 tonna | Diúltach (dearg) |
| Gníomhú ar son na hAeráide - Fiontraíocht | Rianú & tuairisciú | Astaíochtaí eitilte gnó | Rianú & tuairisciú | 2455 tonna (2023) | N/A | 2455 tonna | 2847 tonna | Diúltach (dearg) |

**Eochair:** ● Dearfach ● Neodrach ● Diúltach

## Rialachas agus Bainistiú Fhiontraíocht Éireann maidir le Gníomhú ar son na hAeráide

Leagtar síos in Acht na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 spriocanna uaillmhianacha atá ceangailteach ó thaobh dlí de: laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) faoi 2030 agus glan-nialasacht a bhaint amach faoi 2050. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, ullmhaíonn an Rialtas Pleananna bliantúla um Ghníomhú ar son na hAeráide, ina sonraítear na céimeanna is gá chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Eascraíonn Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide as na pleananna sin, lena gceanglaítear ar chomhlachtaí na hearnála poiblí ceannaireacht a léiriú maidir le gníomhú ar son na haeráide. Is éard atá i gceist leis sin spriocanna aeráide sonracha a leagan síos agus tuairisciú a dhéanamh orthu. Mar fhreagairt air sin, bhunaigh Fiontraíocht Éireann struchtúr ceannaireachta maidir le gníomhú ar son na haeráide ar a dtugtar an Fhoireann Ghlas chun iarrachtaí inbhuanaitheachta a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.

Tuairiscíonn an fhoireann, lena n-áirítear baill ó fheidhmeanna straitéiseacha agus oibríochtúla éagsúla, do Bhainisteoir na Roinne um Sheirbhísí Daoine a fheidhmíonn mar Chathaoirleach freisin.

Tá gníomhaíochtaí na Foirne Glaise á dtreorú ag Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide, ar doiciméad é sin ina leagtar amach an chaoi a bhfuil sé beartaithe ag Fiontraíocht Éireann riachtanais an tSainordaithe a chomhlíonadh agus a spriocanna carbóin agus éifeachtúlachta fuinnimh do 2030 a bhaint amach. Déantar an treochlár seo a nuashonrú gach bliain agus ceadaíonn Bord Fhiontraíocht Éireann é sula gcuirtear faoi bhráid na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) é.

### Is iad seo a leanas na tionscnaimh atá ar siúl faoi láthair agus na tionscnaimh atá le teacht:

- **Laghdú ar astaíochtaí:** Tá méadú tagtha ar úsáid leictreachais in-athnuaite. Tá athbhreithniú á dhéanamh againn faoi láthair ar ár stoc maoine náisiúnta chun tuilleadh deiseanna laghdaithe astaíochtaí a shainaithint agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, agus athruithe costéifeachtacha éifeachtúlachta fuinnimh á ndéanamh againn san am céanna, lena n-áirítear uasghráduithe LED ar ár n-oifigí agus ár spleáchas ar phriontáil a laghdú.
- **Úsáid Acmhainní agus Laghdú Dramhaíola:** Rinneamar dramhaíl bhia agus pháipéir a mhapáil, chuireamar deireadh le cupáin chaife agus uisce aon-úsáide, agus laghdaíomar tomhaltas páipéir tríd an digitithe. Táimid i mbun bonnlíne a bhunú d'úsáid uisce agus d'úsáid páipéir. Ina theannta sin, táimid i gcomhpháirtíocht le Positive Carbon agus Aramark chun córas nua rianaithe dramhaíola bia a chur i bhfeidhm inár nOibríochtaí sa Phointe Thoir.
- **Soláthar Glas:** Tá oiliúint fós ar siúl don fhoireann maidir le soláthar glas agus na critéir sin a chomhtháthú inár dtairiscintí agus inár meastóireachtaí
- **Beartas Taistil:** Tá beartas taistil foirne á fhorbairt againn chun ár lorg carbóin a laghdú agus nascacht riachtanach náisiúnta agus idirnáisiúnta á coinneáil san am céanna. Áirítear leis sin rothaíocht, comhroinnt carranna agus iompar poiblí a chur chun cinn, agus pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a sholáthar.
- **Mapáil Astaíochtaí Domhanda:** Ó 2027 ar aghaidh, cuirfimid tús leis an obair chun ár lorg astaíochtaí domhanda a mhapáil ar fud Raon Feidhme 1 go 3.
- **Bainistíocht Fuinnimh:** Tá sé i gceist againn Deimhniú Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 a bhaint amach dár n-oibríochtaí náisiúnta.

CÁS-STAIDÉAR

## Uathoibriú Chóras Bainistíochta Dramhaíola Bia Fhiontraíocht Éireann le Positive Carbon agus Aramark

positive carbon

In 2025, chuaigh Fiontraíocht Éireann i gcomhpháirtíocht le Positive Carbon agus Aramark chun feabhas a chur ar a próisis monatóireachta ar chur amú bia, agus chuir sí córas uathoibrithe monatóireachta ar chur amú bia de chuid Positive Carbon i bhfeidhm, ar a dtugtar FoodSight, i gcistin ár gceanncheathrún sa Phointe Thoir. Cuireann córas FoodSight, atá IS-chumasaithe, ar chumas na foirne lónadóireachta ar an láthair cur amú bia a shainaithint le hanailísíocht bheacht, agus moltaí gníomhacha á soláthar maidir le cuir chuige chun dramhaíl a laghdú.



### Tionchar

Ligfidh comhpháirtíocht leis na cuideachtaí is cliaint Positive Carbon agus Aramark dúinn tuiscint níos fearr a fháil ar ár bpatrúin dramhaíola bia mar eagraíocht, i gcomhréir leis an bPrótacal náisiúnta um Chur Amú Bia a Thomhas, agus céimeanna a fhorbairt chun cur amú bia a laghdú. Cuideoidh sé sin linn ár lorg carbóin a laghdú a thuilleadh, agus úsáid níos éifeachtúla á baint as acmhainní san am céanna.

## Fostaíocht Ardchaighdeáin agus Comhdheiseanna

Tacaíonn Fiontraíocht Éireann le cothromas, éagsúlacht agus cuimsiú mar phríomhspreagadh don chultúr, do mhealladh tallainne agus don fhorbairt. Díríonn ár Straitéis Daoine ar fhoireann dhomhanda éagsúil, oilte agus réidh don todhchaí a fhorbairt chun tacú le cultúr nuálaíochta, muiníne agus feidhmíochta inbhuanaithe.

Tá ár mbeartais agus ár gcleachtais maidir le cothromas, éagsúlacht agus cuimsiú lárnach sa chaoi a n-oibrímid. Tagraíonn ár luach 'Le Chéile' go sonrach don chuimsitheacht mar iompar, agus cuirimid cleachtais chun cinn a chothaíonn cultúr cuimsitheach ina mothaíonn gach duine go bhfuil fáilte rompu, go bhfuil meas orthu agus go bhfuil ionadaíocht acu. Tacaíonn sé sin le cultúr barr feabhais agus feidhmíochta inbhuanaithe.

Chomh maith lenár n-oibleagáidí mar dhea-fhostóir a chomhlíonadh, cinntíonn glacadh le héagsúlacht gur féidir leis an eagraíocht timpeallacht chuimsitheach a sholáthar ar fud a hoifigí uile ar fud an domhain chun tacú le mealladh agus coinneáil fostaithe. Cinntíonn sé freisin go meallaimid comhghleacaithe a bhfuil na cúlraí cearta acu chun tuiscint níos fearr a fháil ar ár gcliaint agus chun cuidiú leo freastal ar mhargaí éagsúla, sa bhaile agus go hidirnáisiúnta.

Tugadh isteach prionsabail an chothromais, na héagsúlachta agus an chuimsithe ar feadh shaolré iomlán na hearcaíochta, lena n-áirítear éagsúlacht inscne ar gach painéal agallaimh agus soláthar socruithe d'aon iarrthóir a dteastaíonn tacaíochtaí uathu le linn an phróisis agallaimh.

Ina theannta sin, cuirtear deiseanna láidre forbartha gairme agus uas-scilithe ar fáil do chomhghleacaithe de chuid Fhiontraíocht Éireann. Cuidíonn sé seo linn freastal ar riachtanais athraitheacha ár gcliant.

Tá ceannairí tiomnaithe maidir le cothromas, éagsúlacht agus cuimsiú, folláine agus forbairt eagraíochta freagrach as ár dtiomantas d'fhostaíocht ardchaighdeáin agus do chomhdheiseanna laistigh de Fhiontraíocht Éireann a chomhlíonadh.

Tá ár rannpháirtíocht cothromais, éagsúlachta agus cuimsithe bunaithe ar cheithre cholún: bailiú leanúnach sonraí chun tuiscint a fháil ar ár lucht saothair; forbairt beartais; rannpháirtíocht páirtithe leasmhara leis an éiceachóras níos leithne, amhail SOLAS, Skillnet Ireland, an tÚdarás um Ard-Oideachas agus Cumann Ollscoileanna Éireann; agus imeachtaí rannpháirtíochta pobail, go hinmheánach agus go seachtrach araon.

## CÁS-STAIDÉAR

### Comhpháirtíocht na nDoirse Oscailte

### Cuspóirí an Tionscadail

In 2023, chuaigh Fiontraíocht Éireann isteach i dTionscnamh na nDoirse Oscailte mar chomhpháirtí, chun tacú le daoine imeallaithe ar a n-aistir i dtreo fostaíochta agus fiontraíochta. Agus aitheantas á thabhairt do na bacainní atá roimh phobail amhail imircigh, dídeanaithe, iarrthóirí tearmainn, daoine faoi mhíchumas, agus baill den phobal LADTIA, d'oibrigh Fiontraíocht Éireann i gcomhar le Tionscnamh na nDoirse Oscailte chun tacú le rannpháirtithe le treoraíocht agus meantóireacht aonair.

Ó shin i leith, tá 18 meantóir curtha ar fáil ag Fiontraíocht Éireann, ag tairiscint treoir 1 le 1 do 21 mheantóra trí shraith struchtúrtha seisiún, a tionóladh thar thréimhse 3 go 6 mhí. Ghlac na rannpháirtithe páirt i sé chruinniú phearsantaithe, ag leagan síos spriocanna soiléire ag an tús agus ag obair go comhsheasmhach chun iad a bhaint amach.

### Tionchar

Thuairiscigh na rannpháirtithe uile a chuir an clár i gcrích gur bhain siad ceann amháin ar a laghad dá spriocanna tosaigh fostaíochta nó fiontraíochta amach, agus bhain siad tairbhe as saineolas sinsearach mheantóirí Fhiontraíocht Éireann a bhfuil réimse éagsúil taithí oideachais, fiontraíochta agus ghairmiúil acu.

> "Bhuail mé le duine iontach — mo mheantóir — le linn an chláir. Thug siad tacaíocht iomlán dom, roinn siad a dtaithí, mhínigh siad roinnt sonraí faoin gcultúr oibre áitiúil agus chuidigh siad liom mo chéimeanna san fhostaíocht a phleanáil. A bhuí lena gcabhair, bhí mé in ann mo chéad phost a fháil in Éirinn agus spriocanna a leagan síos don todhchaí."
>
> **Rannpháirtí chlár na nDoirse Oscailte**

Faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chearta an Duine[1], tá roinnt réimsí cothromais, éagsúlachta agus cuimsithe sainaitheanta againn ar gá aird leanúnach a thabhairt orthu. Cumhdaítear leo sin cleachtais maidir le fostú, foghlaim agus forbairt, rialachas agus ceannaireacht, agus inrochtaineacht an bhonneagair fhisiciúil agus an bhonneagair ar líne. Sainaithníodh freisin deiseanna chun ár dtacaíochtaí cliant a chur chun cinn do bhaill éagsúla den phobal.

Ina theannta sin, faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chearta an Duine, tá breithniú déanta ag Fiontraíocht Éireann ar bhacainní, ar dhúshláin agus ar fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ag grúpaí faoi chosaint faoin Acht um Stádas Comhionann agus tá socruithe curtha le chéile aici don chuimsiú agus do ghrúpaí faoi chosaint ina saoráidí, ina cumarsáid, ina hardáin dhigiteacha, ina héagsúlacht agus cuimsiú agus in oiliúint claontachta neamh-chomhfhiosaí chomh maith le cleachtais earcaíochta agus ionduchtúcháin.

Rinneadh suirbhé ar thaithí chéadfach, shóisialta agus fhisiciúil ar an timpeallacht oibre inár nOifigí sa Phointe Thoir mar chuid de Chlár Oiliúna agus Creidiúnaithe AsIAm 2024/25. Tá moltaí ón suirbhé á gcur i bhfeidhm faoi láthair.

1. Ó 2014 ar aghaidh, tá Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (ar a dtugtar Dualgas na hEarnála Poiblí freisin) mar chuid den chreat reachtaíochta lena rialaítear cearta an duine agus comhionannas in Éirinn. Luaitear an méid seo a leanas in alt 42 (1) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014: "Déanfaidh comhlacht poiblí, le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, aird a thabhairt ar an ngá atá ann: an t-idirdhealú a dhíchur; comhionannas deiseanna agus córa dá fhoireann agus do na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chur chun cinn, agus; cearta an duine atá ag a chomhaltaí, a fhoireann agus na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chosaint.

Tá an daonáireamh bliantúil míchumais, atá á chur chun cinn ag an Údarás Náisiúnta Míchumais, curtha i gcrích ag Fiontraíocht Éireann freisin, agus is ionann an céatadán míchumais atá tuairiscithe faoi láthair agus 5% dár lucht saothair iomlán in Éirinn amhail ón 1 Bealtaine 2025. Sáraíonn sé seo an sprioc fostaíochta reachtúil íosta reatha sa tseirbhís phoiblí do dhaoine faoi mhíchumas de 4.5%.

Tá Fiontraíocht Éireann i gcomhpháirtíocht le dhá eagraíocht tagarmharcála chun leibhéil cuimsithe, sláinte agus folláine a mheas agus a fheabhsú ar fud na heagraíochta. Is é an sprioc atá againn tagarmharcanna a bhaint amach le haghaidh cothromais, éagsúlachta agus cuimsithe faoin gCreat Cuimsitheach [2] agus sláinte agus folláine faoin ardán um Áit Shláintiúil Oibre[3] faoi 2027. Ina theannta sin, déanaimid suirbhé rialta ar ár lucht saothair faoin gClár um Ionaid Shláintiúla Oibre agus pleanáil ar siúl do shuirbhé iomlán 2026.

Ina theannta sin, chun tacú le tiomantas do chomhdheiseanna agus d'fhostaíocht ar ardchaighdeán, oibríonn Fiontraíocht Éireann roinnt beartas agus clár a chuireann roghanna ar fáil don fhoireann chun freastal ar a riachtanais ghairme agus phearsanta. Áirítear orthu sin cláir oideachais agus saoire staidéir; uaireanta oibre laghdaithe agus obair chumaiscthe; saoire cúramóra; dínit ag an obair; agus beartais maidir le sos gairme.

### I measc na dtionscnamh tá an méid seo a leanas:

- Tionscnaimh mheabhairshláinte agus folláine do lucht saothair iomlán Fhiontraíocht Éireann, lena n-áirítear grúpaí acmhainní fostaithe chun tacú le múscailt feasachta ar fud na heagraíochta. Eagraítear cothromas, éagsúlacht agus cuimsiú agus imeachtaí folláine gach ocht seachtaine, agus tá siad ar fáil do gach comhghleacaí de chuid Fhiontraíocht Éireann freastal orthu, chun cuidiú le feasacht a ardú leis an bhfoireann. Reáchtálann Grúpaí Acmhainní d'Fhostaithe imeachtaí don fhoireann, lena n-áirítear an grúpa um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach, an Fhoireann Ghlas, an Líonra Nuálaíochta agus an club reatha.
- Imeachtaí tábhachtacha náisiúnta a chur chun cinn go leanúnach amhail Mórtas agus Lá Idirnáisiúnta na mBan don fhoireann agus gníomhaíochtaí cur chun cinn lena n-áirítear trí phainéil, nuachtlitreacha, ailt foirne, tráth na gceist srl.
- Cur chun feidhme leanúnach plean comhionannais inscne, a foilsíodh in 2023, lena bhféachtar le haghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí inscne, go háirithe i bpoist shinsearacha, trí chláir chuimsitheacha oiliúna ceannaireachta agus forbartha, i measc tionscnaimh eile.
- Urraíocht ar ochtar bancheannairí agus ceannairí ionchasacha ar chlár OCBÁC Ar Thús Cadhnaíochta gach bliain chomh maith le suas le hocht rannpháirtí ar chlár meantóireachta club IMI 30%, in éineacht le ballraíocht cuideachtaí i Líonra Gairmiúil na mBan.
- Oiliúint leanúnach forbartha gairme agus bainistíochta do bhaill foirne ar gach leibhéal.
- Forbairt chuimsitheach gairme agus deiseanna fiontraíochta a chur chun cinn le Doirse Oscailte, Cúram Poist, agus Teach Naomh Micheál.
- Athbhreithniú leanúnach ar an tsraith iomlán beartas acmhainní daonna chun a chinntiú go dtugtar isteach na dea-chleachtais cothromais, éagsúlachta agus cuimsithe atá ann faoi láthair.

2. Le Samhail Chuimsithe Cultúir Inclusio, rianaítear agus tagarmharcáiltear feidhmíocht eagraíochtúil thar chúig ghné – muintearas, muinín, sábháilteacht shíceolaíoch, folláine agus tacaíocht poist.
3. Leis an tsamhail 'Áit Shláintiúil Oibre', rianaítear sláinte agus folláine ár bhfoirne thar raon leathan gnéithe – ceangal, seasmhacht mheabhrach, cuspóir, agus sláinte fhisiciúil.

## Feidhmíocht Fhiontraíocht Éireann i gcoinne spriocanna agus méadrachtaí tábhachtacha a bhaineann le comhdheiseanna agus fostaíocht ardchaighdeáint

| Topaic Ábhartha | Cineál | PTF | Sprioc do 2029 | Bonnlíne | Toradh 2022 | Toradh 2023 | Toradh 2024 | Treocht (Bliain ar Bhliain) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhdheiseanna – Fiontraíocht Éireann | Sprioc | Caighdeán tagarmhairc um chuimsiú domhanda * go 2029 a bhaint amach agus a choinneáil | 73% in 2029 | 71% | N/Bh | 71% | 71% | Neodrach |
| Comhdheiseanna – Fiontraíocht Éireann | Rianú & tuairisciú | Bearna Phá Inscne de chuid Fhiontraíocht Éireann | N/Bh | 17% in 2023 | 18% | 17% | 15% | Dearfach |
| Fostaíocht ar Ardchaighdeán – Fiontraíocht Éireann | Straitéiseach | Tagarmharc Áit Shláintiúil chun Oibre a bhaint amach agus a chothabháil | 70% in 2029 | 65% | N/Bh | 65% | ** | Neodrach |

**Eochair:** ● Dearfach ● Neodrach ● Diúltach

*Ag baint úsáide as Inclusio faoi láthair, agus conradh i bhfeidhm go dtí 2027.

**Déanfar an chéad suirbhé tagarmharcála iomlán eile ar Áit Shláintiúil chun Oibre in 2026.

## Infheistíocht Fhreagrach

Chun seasmhacht infheistíochtaí díreacha agus indíreacha Fhiontraíocht Éireann a chur chun cinn, ní mór prionsabail agus cleachtais fhreagracha infheistíochta a chur i bhfeidhm go leanúnach. Tá an cleachtas sa réimse sin ag teacht chun cinn i gcónaí de réir mar a chuireann infheisteoirí agus eintitis mhaoiniúcháin phoiblí, lena n-áirítear an tAontas Eorpach, grinnscrúdú méadaithe i bhfeidhm ar ghnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais d'infheistíochtaí agus de mhaoiniú.

Riosca nach mór do Fhiontraíocht Éireann bainistiú a dhéanamh ar bhonn leanúnach air is ea go bhféadfadh sé go ndéanfadh a hinfheistíochtaí (deontas agus cothromas) dochar mór do chlú na heagraíochta, an Stáit, an chomhshaoil nó na sochaí. Ina theannta sin, beidh cruthú luacha fadtéarmach (poist, onnmhairí) i mbaol, i gcás nach bhfreagraíonn cliaint do cheanglais inbhuanaitheachta iomaíocha agus rialála nó do rioscaí a bhaineann leis an aeráid.

Is é an prionsabal sáraitheach, maidir le beartas, próisis agus nósanna imeachta Fhiontraíocht Éireann maidir le hinfheistíocht fhreagrach agus tacaíochtaí a thabhairt cothrom le dáta, ról tacúil comhairleach a ghlacadh le cuideachtaí cliant. Beidh béim lárnach Fhiontraíocht Éireann ar fhás inbhuanaithe idirnáisiúnta luathaithe agus inbhuanaitheacht fheabhsaithe d'fhiontraíocht na hÉireann a chur chun cinn.

Tá beartas infheistíochta freagrach seanbhunaithe i bhfeidhm ag Fiontraíocht Éireann, agus béim á leagan ar earnálacha a mheasann sí a bheith neamh-incháilithe le haghaidh rannpháirtíochta agus maoinithe. Déanann Coiste Infheistíochta Fhiontraíocht Éireann breithniú ar chonair inbhuanaitheachta agus astaíochtaí na gcliant agus measúnú á dhéanamh acu ar thograí maoiniúcháin agus infheistíochta, agus béim á leagan ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach na punainne a chur chun cinn. Ina theannta sin, faoi chláir mhaoinithe an Aistrithe Ghlais, comhlánaíonn cliaint Fhiontraíocht Éireann dearbhú 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh'.

### Príomhathruithe Beartais atá le teacht:

- Beartas agus próisis Infheistíochta Freagraí Fhiontraíocht Éireann a thabhairt cothrom le dáta agus, maidir le hinfheistíochtaí díreacha, indíreacha agus deontais, gnéithe ábhartha de chreataí dea-chleachtais a ionchorprú.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar measúnuithe riosca aeráide le haghaidh infheistíochtaí móra.

## Iompar Gnó, Eitic agus Comhlíonadhe

Tá ceadúnas oibre Fhiontraíocht Éireann bunaithe ar iontaoibh agus creidiúnacht le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear a cliaint, an Rialtas agus pobal na hÉireann. Dá bhrí sin, is béim comhsheasmhach é do Fhiontraíocht Éireann go gcloíonn sí leis na caighdeáin eitice agus comhlíonta is airde, lena n-áirítear leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, leis an gCód Cleachtais do Chomhlachtaí Stáit agus le creat reachtúil na gníomhaireachta.

### Rialachas agus Bainistiú ar Iompar Gnó, Eitic agus Comhlíonadh

Is comhlacht corpraithe é Fiontraíocht Éireann a bunaíodh leis an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann) 1998. Feidhmíonn an ghníomhaireacht de réir fhorálacha na nAchtanna um Fhorbairt Tionscail, 1986–2019, an Achta Eolaíochta agus Teicneolaíochta, agus faoi choimirce Aire na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, a chumhachtaítear chun cistí a sholáthar don ghníomhaireacht chun a chumasú di a hoibleagáidí a chomhlíonadh; treoracha ginearálta beartais a eisiúint; agus faisnéis a lorg maidir le gníomhaíochtaí na gníomhaireachta.

Chomh maith lena reachtaíocht rialaithe féin, ceanglaítear ar an ngníomhaireacht freisin raon riachtanas reachtúil (náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile a chomhlíonadh. Cumhdaítear rialachas corparáideach na heagraíochta ina iomláine sa Tuarascáil Bhliantúil, agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na gceanglas sonrach seo a leanas a chinntiú:

- Rialachas
- Bainistiú Airgeadais
- Sláinte agus Sábháilteacht san Ionad Oibre
- Comhionannas agus Cuimsiú
- Teanga agus Cumarsáid

## Cibearshlándáil agus Slándáil Sonraí

I dtírdhreach dhigiteach an lae inniu, tá dúshláin agus deiseanna móra ag baint le cibear-rioscaí agus rioscaí sonraí do gach eagraíocht. I measc na dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cibearionsaithe tá sáruithe sonraí, caillteanas airgeadais, damáiste do chlú, agus suaitheadh oibríochtúil.

Chun na rioscaí sin a mhaolú, tá foireann thiomnaithe Cibearshlándála agus Slándála Faisnéise ag Fiontraíocht Éireann atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme beart láidir cibearshlándála, amhail ardchriptiú, iniúchtaí rialta slándála, agus cláir chuimsitheacha oiliúna d'fhostaithe.

Trí rialachas, bonneagar, beartais agus próisis láidre cibearshlándála a bheith ann, cinntítear slándáil sonraí agus córais agus cothaítear muinín le páirtithe leasmhara. Déanann Fiontraíocht Éireann a dícheall go seasta a chinntiú go dtugaimid aghaidh go réamhghníomhach ar chibear-rioscaí agus ar rioscaí sonraí agus leas á bhaint as na tairbhí a bhaineann le timpeallacht dhigiteach shlán.

D'fhorbair an fhoireann straitéis trí bliana um Chibearshlándáil agus Slándáil Faisnéise atá struchtúrtha de réir Chreat Cibearshlándála Institiúid Náisiúnta um Chaighdeáin agus Teicneolaíocht (NIST). Tá an straitéis sin dírithe ar fhorbairt leanúnach an chláir cibearshlándála atá ann cheana agus tacaíonn sí le haistriú slán na n-ardán néalríomhaireachta nua.

Is é Beartas Slándála TF Fhiontraíocht Éireann an bunús le haghaidh rialachas láidir cibearshlándála agus slándála faisnéise san eagraíocht. Is beartas éigeantach é, a chlúdaíonn úsáid shábháilte acmhainní TF chun rochtain a fháil ar fhaisnéis chorparáideach agus cliant de chuid Fhiontraíocht Éireann agus í a roinnt. Faigheann sé tacaíocht ó shraith beartas agus nósanna imeachta atá á mbainistiú go lárnach ag an Roinn Feabhsaithe Próiseas Gnó agus TF agus a ndéantar athbhreithniú orthu ag eatraimh thráthrialta chomhaontaithe.

# Ag Tacú leis an Inbhuanaitheacht i bhFiontraíocht na hÉireann

## Gníomhú ar son na hAeráide

Tabharfar luach saothair do ghnólachtaí a dhéanann an t-aistriú chuig táirgeadh níos glaine trí dheiseanna margaidh feabhsaithe ó cheannaitheoirí atá ag lorg dintiúir ghlasa, clú branda feabhsaithe, slándáil fuinnimh mhéadaithe agus cánachas carbóin laghdaithe.

Beidh gá leis an teicneolaíocht, na próisis agus an comhtháthú trasearnála nua a chur in úsáid agus a bhailíochtú nach bhfacthas riamh roimhe seo ar an oileán, de réir mar a luasaíonn an t-aistriú fuinnimh, ábhar agus aeráide. Tugann sé sin deis mhór do thionscadail thionsclaíocha a léiríonn réitigh nuíosacha agus a chuidíonn le gníomhaithe eile a spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach.

Sa chomhthéacs sin, is é príomhdhúshlán agus príomhdheis inbhuanaitheachta Fhiontraíocht Éireann cuidiú le fiontraíocht na hÉireann méadú uaillmhianach ar onnmhairí a bhaint amach agus, san am céanna, astaíochtaí carbóin a laghdú faoi 35% faoi 2030, mar a leagtar amach i bPlean an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide agus sa Pháipéar Bán maidir le Fiontraíocht.

B'ionann cliaint Fhiontraíocht Éireann agus lorg measta $CO_2$ de 4.05 $MtCO_2$ in 2018, go príomha ón earnáil déantúsaíochta agus astaíochtaí próisis ó tháirgeadh stroighne arbh ionann é agus 2.9 $MtCO_2$ as féin.

Déantar dul chun cinn i gcoinne ár sprice a thomhas bunaithe ar astaíochtaí ónár gcliaint is mó a oibríonn laistigh de Scéim Trádála Astaíochtaí an AE (CTA). Is ionann an líon beag cuideachtaí seo agus os cionn 85% d'astaíochtaí cliant Fhiontraíocht Éireann ar an iomlán.

Bhí an dul chun cinn go dtí seo an-suntasach agus baineadh amach laghdú 21% ar astaíochtaí in 2024 i gcomparáid le leibhéal bonnlíne 2018. Cé go mbaineann sé sin leis an líon beag gnólachtaí a chumhdaítear le CTA, tá sprioc leagtha síos ag Fiontraíocht Éireann freisin go mbeidh 80% de chuideachtaí is cliaint ann, gan beann ar a méid, chun astaíochtaí Raon Feidhme 1 agus 2 a thomhas faoi 2030. Mhéadaigh an líon sin go 10% in 2024 ó 7% an bhliain roimhe sin.



## CÁS-STAIDÉAR

### Dícharbónú ag Grúdlann Gheata San Séamas

DIAGEO

### Cuspóirí an Tionscadail

In 2020, sheol Diageo an Plean CSR dar teideal Spirit of Progress, inar leagadh síos spriocanna uaillmhianacha chun glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach ar fud a oibríochtaí díreacha agus a shlabhra luacha faoi 2050 nó roimhe sin. Príomhthionscnamh faoin bPlean, le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann, is ea claochlú Ghrúdlann Geata Naomh Séamas.

Is é is aidhm don tionscadal deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise in oibríochtaí grúdaireachta agus astaíochtaí gás ceaptha teasa Raon Feidhme 1 agus 2 a laghdú faoi os cionn 90%, ag cloí le tionscnaimh Spriocanna Bunaithe ar an Eolaíocht.

Ina theannta sin, tacóidh sé le saoráid nua aisghabhála uisce, atá deartha chun éifeachtúlacht úsáide uisce a fheabhsú, ag laghdú an uisce a theastaíonn chun Guinness a ghrúdú faoi 30%.

### Cur chun Feidhme agus Tacaíocht

Is gnóthas mór é claochlú Ghrúdlann Gheata San Séamas, le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann agus le tacaíocht ó Rialtas na hÉireann. Tá an ghrúdlann, a bhí ina suíomh sainiúil le breis agus 260 bliain anuas, le bheith ina samhail de chleachtais ghrúdaireachta inbhuanaithe.

Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta do thacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí agus iad ag aistriú i dtreo todhchaí ísealcharbóin, agus tá sí tar éis dul i dteagmháil le Diageo agus tacú leis ar fud an phróisis seo, trí rannpháirtíocht duine le duine, saineolas agus comhairle a chur ar fáil, agus trí thacaíocht chaipitil faoin Scéim um Chúnamh Comhshaoil, chun a chinntiú gur féidir leo na spriocanna seo a bhaint amach agus an láithreán stairiúil a dhícharbónú, le go mbeidh sé ar cheann de na grúdlanna is éifeachtaí ar domhan.




Diageo – Baile Guinness, chun dlús a chur leis an sprioc carbóin glan-nialasach le hinfheistíocht €100 milliún atá beartaithe ag Diageo ag Geata San Séamas.

D'ainneoin an dul chun cinn sin, saincheist lárnach do chuideachtaí is ea méid an chaiteachais caipitil is gá chun dícharbónú a dhéanamh i dtimpeallacht atá ina timpeallacht ardchostais cheana féin. Dá bhrí sin, tá Fiontraíocht Éireann tiomanta do thionscadail uaillmhianacha laghdaithe carbóin a mhaoiniú ar luas chomh maith le bheith ag obair le fiontair mhóra atá ag leathnú chun a chinntiú go mbeidh a gconair fáis neodrach ó thaobh carbóin de nó diúltach ó thaobh carbóin de. Tá Fiontraíocht Éireann suite go huathúil laistigh den éiceachóras nuálaíochta agus fiontraíochta chun an cuspóir sin a bhaint amach.

Beidh gá le hinfheistíocht freisin i dtionscadail phíolótacha agus i dtionscadail taispeántais i réimsí amhail ríomhbhreoslaí sula gcuirfear in úsáid ar bhonn tráchtála iad de réir mar a thiocfaidh nideoga margaidh nua a bhaineann le hinbhuanaitheacht chun cinn.

Chomh maith lenár ngníomhaíochtaí dícharbónaithe, tá deiseanna ann freisin chun cuidiú le cliaint mhóra oibríochtaí a bharrfheabhsú i réimsí amhail tomhaltas uisce agus acmhainní, laghdú dramhaíola agus ciorclaíocht dramhaíola.

Mar sin féin, leanaimid de thacaíocht a thabhairt do chuideachtaí ar gach méid ag gach céim den aistear dícharbónaithe agus inbhuanaitheachta.

D'fhéadfadh an timpeallacht trádála seachtraí atá ag athrú agus dúshlánach dúshláin a chruthú d'infheistíochtaí cliant sa réimse seo. Is rud é seo a bhfuil Fiontraíocht Éireann ag déanamh dlúthmhonatóireacht air agus ag plé le cliaint.

### Feidhmíocht i gcoinne príomhspriocanna agus méadrachtaí a bhaineann le tacú le gníomhú ar son na haeráide cliant

| Topaic Ábhartha | Cineál | PTF | Sprioc do 2029 | Bonnlíne | Toradh 2022 | Toradh 2023 | Toradh 2024 | Treocht (Bliain ar Bhliain) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gníomhú ar son na hAeráide – Cliaint | Sprioc | Laghduithe 35% ar astaíochtaí CO2 sa tionscal faoi 2030 (Astaíochtaí Cliant ETS) | Laghdú 35% faoi 2030 | 4.05 MtCO2 (2018) | 3.9Mt$CO_2$ | 3.7Mt$CO_2$ | 3.2Mt$CO_2$ | ● |
| Gníomhú ar son na hAeráide – Cliaint | Sprioc | Líon na gcliant a thomhaiseann astaíochtaí Raon Feidhme 1 agus 2 | 80% faoi 2029 | 7% in 2023 | 10% | 7% | 10% | ● |

**Eochair:** ● Dearfach ● Neodrach ● Diúltach

## Rialachas agus Bainistiú maidir le Tacaíochtaí do Ghníomhú ar son na hAeráide do Chliaint

Leanann beartais agus rialacháin dícharbónaithe AE agus náisiúnta de bheith ag forbairt agus ag múnlú ár gcur chuige maidir le hastaíochtaí a laghdú agus cur chuige ár gcliant. I dteannta thionscnaimh Chomhaontú Glas an AE, amhail 'Oiriúnach do 55', athruithe ar an gCóras Trádála Astaíochtaí, agus na hAchtanna um Thionscail Ghlan-nialasacha agus um Amhábhair Chriticiúla, beidh ról ag raon beartas náisiúnta i ndícharbónú a chur chun cinn. Áirítear ar na beartais sin an Páipéar Bán maidir le Fiontraíocht 2022-2030 lena n-áirítear laghdú carbóin mar chuspóir a bhfuil tábhacht chomhionann ag baint leis maidir le fostaíocht agus breisluach, an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, an Straitéis Náisiúnta Gaoithe Amach ón gCósta, an Treochlár chun Teas Tionsclaíoch a Dhícharbónú, an Straitéis Náisiúnta Bhithgháis, agus an ceanglas nua maidir le soláthar glas le haghaidh stroighin ísealcharbóin.

Tá foireann thiomnaithe i bhfeidhm laistigh de Fhiontraíocht Éireann ó 2021 i leith chun réitigh dícharbónaithe cliant a bhainistiú agus chun tacú le tograí agus ceadaithe. Áirítear ar na príomhbheartais atá mar bhonn taca lenár mbéim ar ghníomhú ar son na haeráide próifíl astaíochtaí na dtionscadal leathnaithe a shainaithint agus an ceanglas maidir le dearbhú 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh' inár n-aistriú glas agus digiteach féin agus i ndeontais mhaoiniúcháin réigiúnacha.

**CÁS-STAIDÉAR**

## An Earnáil Stroighne a dhícharbónú

MANNOK

### Cuspóirí an Tionscadail

Tá sprioc leagtha síos ag Mannok Cement chun a astaíochtaí GCT a laghdú faoi 35% faoi 2030 agus Glan-nialasacht a bhaint amach faoi 2050. Chuaigh Fiontraíocht Éireann i dteagmháil le Mannok Cement, ag tacú le tionscadal ceannródaíoch chun ceapadh carbóin a chumasú, teicneolaíocht núíosach a fhorbairt chun carbón a thiúchan agus a ghabháil, agus chun measúnú a dhéanamh ar réiteach geilleagair chiorclaigh trí tháirgí breisluacha a chruthú ó shruthanna dramhaíola táirgí.

Tá an earnáil stroighne ar cheann de phríomhfhoinsí astaíochtaí tionsclaíocha na hÉireann. Tá an tionscadal suntasach mar léiríonn sé laghdú astaíochtaí GCT trí dhícharbónú a chuid oibríochtaí agus ailíníonn sé le tacú le tionchar eacnamaíoch sa chuideachta le poist, onnmhairí agus táirgiúlacht atá ag méadú.

## Cur Chun Feidhme agus Tacaíocht

Chuir Ciste Aistrithe Ghlais Fhiontraíocht Éireann agus T&D tacaíocht ar chumas Mannok Cement a gcumais a fhorbairt chun tionscadal iomlán GÚSC a mheas agus meastóireacht a dhéanamh ar theicneolaíochtaí iomaíocha TRL níos airde atá ailínithe lena spriocanna maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Go déanach in 2024, bronnadh maoiniú um Chabhair Chomhshaoil agus Taighde & Forbairt ar Mannok Cement do thionscadal mór chun na teicneolaíochtaí agus próisis gabhála carbóin a chumasú chun t$CO_2$ suntasach a ghabháil agus chun sruthanna luacha nua a chruthú.

## CÁS-STAIDÉAR

### Dícharbónú ag iSupply

iSUPPLY

### Tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann

Tháinig iSupply, comhlacht réitigh priontála, chuig Fiontraíocht Éireann ag lorg tacaíochta chun an chuideachta a dhéanamh níos inbhuanaithe. Trí leas a bhaint as tacaíochtaí don Aistriú Glas, bhí iSupply in ann beartas comhshaoil a fhorbairt i gcomhréir le prionsabail na Forbartha Inbhuanaithe, próiseas monatóireachta a bhunú le haghaidh bainistiú dramhaíola, agus éifeachtúlacht acmhainní agus fuinnimh. Thug siad faoi oiliúint chomh maith tríd an gClár Kickstarter de chuid Fhiontraíocht Éireann agus Clár na gCeannairí Inbhuanaitheachta chun an cumas a fhorbairt chun Córas Bainistíochta Comhshaoil ISO 14001 a chur i bhfeidhm, agus chun spriocanna agus cuspóirí na cuideachta a chur i gcomhréir le SFInna na Náisiún Aontaithe.

### Tionchar

Tá iSupply suite ar cheann de phríomhpháirtithe priontála inbhuanaithe na hÉireann anois. Bronnadh an Córas Bainistíochta Comhshaoil ISO14001 orthu agus tá an córas sin leabaithe go hiomlán sa chuideachta.

Tá iSupply tar éis astaíochtaí GCT Scóip 1 (21%) agus Scóip 2 (44%) a laghdú, ag aistriú go fuinneamh in-athnuaite 100%, agus baineadh amach ráta athchúrsála 86% agus ag an am céanna bhunaigh siad conairí dramhaíola ciorclacha. Tugadh aitheantas náisiúnta ar iSupply as a n-iarrachtaí ag Gradaim Ghlasa 2024, Gradaim Ghnó Inbhuanaithe PwC 2025, agus Gradaim Ghlasa 2025.

### Seo a leanas cuid de na tionscnaimh atá ar siúl faoi láthair agus na tionscnaimh atá le teacht:

Tá Fiontraíocht Éireann ag obair le cuideachtaí Éireannacha chun spriocanna dícharbónaithe tionsclaíocha a bhaint amach, lena n-áirítear maoiniú mórthionscadal dícharbónaithe.

- Tá maoiniú os cionn €60 milliún ceadaithe ag Fiontraíocht Éireann chun tacú le dícharbónú agus aistriú inbhuanaithe ghnólachtaí na hÉireann. Agus é faofa faoin scéim um Chabhair Chomhshaoil agus faoin gCiste um Aistriú Glas, chuaigh an maoiniú chun tairbhe do níos mó ná 500 cuideachta Éireannach ó mhí an Mheithimh 2022, rud a laghdaigh astaíochtaí $CO_2$ go díreach faoi thuairim is 130,000 tona. Rinne an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta €300 milliún a leithdháileadh chomh maith i mí an Mheithimh 2024 faoin scéim um Chúnamh Comhshaoil chun tacú le tiomantas ginearálta Fhiontraíocht Éireann maidir le fás inbhuanaithe a chur chun cinn i measc cuideachtaí Éireannacha.
- Aithníonn Fiontraíocht Éireann go bhfuil solúbthacht agus aclaíocht ag teastáil agus maoiniú á chur i bhfeidhm againn, ós rud é go gcuirfidh tionscadail éagsúla buntáistí éagsúla ar fáil agus go dtabhóidh siad costais éagsúla, atá nasctha lena scála, lena n-úrnuacht, lena gcéim thráchtála, leis na teicneolaíochtaí a úsáidtear, agus lena dtionchair shistéamacha ghinearálta. Chuige sin, seoladh Ciste na nOileán Comhroinnte go luath in 2025 idir Idir-Thrádáil Éireann, Invest Northern Ireland agus Fiontraíocht Éireann. Cuideoidh an deontas, ar luach €20 milliún san iomlán (thart ar £18 milliún) é, agus €10 milliún ar fáil i ngach réigiún, le gnólachtaí as Éirinn agus as Tuaisceart Éireann araon a suíomhanna a dhícharbónú ag baint leasa as réitigh núíosacha agus nuálacha.
- Tá beartas nua le forbairt in 2026 chun breac-chuntas a thabhairt ar an gcaoi a ndéanfaidh Fiontraíocht Éireann meastóireacht bhreise ar rioscaí aeráide ina mórinfheistíochtaí deontais agus cothromais.




Seastán Réitigh Inbhuanaitheachta ag Seachtain na Margaí Idirnáisiúnta 2025 de chuid Fhiontraíocht Éireann

## Ag Tacú le Fás Inbhuanaithe i bhFiontair na hÉireann

Tá an cumas trádáil inbhuanaithe a dhéanamh ina chroílár anois d'iomaíochas fiontraíochta. Chun leas a bhaint as deiseanna margaidh agus chun riachtanais soláthair agus rialála a chomhlíonadh, ní mór do ghnólachtaí a ndintiúir inbhuanaitheachta a léiriú thar raon réimsí comhshaoil, sóisialta agus rialachais, lena n-áirítear astaíochtaí, uisce, bithéagsúlacht, úsáid acmhainní, geilleagar ciorclach agus saincheisteanna an tslabhra soláthair. Ní mór dóibh a bheith in ann leas a bhaint as teicneolaíochtaí agus as nuálaíocht chun aistriú chuig samhlacha gnó, táirgí agus seirbhísí nua, níos inbhuanaithe.

Tá an deis mhargaidh ag dul lámh ar lámh le riachtanas comhlíonta. Tá méadú tagtha ar riachtanais rialála do chuideachtaí Éireannacha i raon príomh-mhargaí le blianta beaga anuas. Tá rialacháin fhairsinge tugtha isteach ag an AE, mar shampla, i réimsí amhail tuairisciú, dícheall cuí sa slabhra soláthair, glas-bhréagaisnéis, éiceadhearadh, chomh maith le nuashonruithe ar a scéimeanna trádála astaíochtaí.

Cé go bhfuil tograí AE ann chun líon na gcuideachtaí atá i raon feidhme na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD) a laghdú agus chun na hoibleagáidí ar ghnólachtaí faoin Treoir maidir le Dícheall Cuí um Inbhuanaitheacht Chorparáideach (CSDDD) a laghdú, beidh ar chuideachtaí a dhíolann le gnólachtaí atá laistigh dá raon feidhme a bheith in ann tacú lena n-iarrachtaí comhlíonta trí shonraí inbhuanaitheachta infhíoraithe a sholáthar. Lasmuigh den AE, tá méadú ag teacht ar cheanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta do ghnólachtaí móra i margaí ón Ríocht Aontaithe go dtí an tSeapáin agus an tSín.

Tá Éire tiomanta do Sholáthar Poiblí Glas (SPG) a chur i bhfeidhm, próiseas atá dírithe ar thionchar comhshaoil earraí, seirbhísí agus oibreacha a fhaigheann údaráis phoiblí a laghdú. Ó Eanáir 2025 i leith, ní mór go n-áireofaí i ngach tairiscint ar earraí agus ar sheirbhísí os cionn luach €50,000 (agus €200,000 ar oibreacha) sonraíochtaí teicniúla inbhuanaitheachta agus comhshaoil agus critéir roghnúcháin agus dámhachtana. Tá critéir um sholáthar poiblí glas den chineál céanna á gcur chun feidhme ag tíortha eile.

Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go gcoinneoidh Fiontraíocht Éireann a fócas ar thacaíocht a thabhairt do chuideachtaí buntáiste iomaíoch a bhaint amach trí fheidhmíocht inbhuanaitheachta níos fearr. Tacaíonn foireann Réitigh Inbhuanaitheachta do Chliaint de chuid Fhiontraíocht Éireann le hardú feasachta ar inbhuanaitheacht i measc cliant, forbairt cumais agus claochlú. Chomh maith leis sin, oibríonn an fhoireann le cliaint ar chúrsaí pleanála agus tuairiscithe maidir leis an inbhuanaitheacht.

I measc na bpríomhspriocanna táthar ag súil go mbeidh plean inbhuanaitheachta i bhfeidhm ag 80% de chliaint Fhiontraíocht Éireann faoi 2029. Tá dul chun cinn á bhaint amach agus a leithéid de phlean ag 30% de chliaint in 2024, sin méadú ó 24% in 2023. Bhí an gealltanas méadaithe sin ar thaobh ár gcliant ag teacht le fás ar líon na gcuideachtaí a bhí ag tarraingt anuas maoiniú inbhuanaitheachta*, ó 84 in 2023 go 110 in 2024.

Chomh maith leis sin, féachann Fiontraíocht Éireann le deiseanna fáis a thapú trí theagmháil le gnólachtaí a thairgeann táirgí agus seirbhísí inbhuanaithe, lena n-áirítear sna hearnálacha gaoithe, teicneolaíochta aeráide agus fiontraíochta sóisialta amach ón gcósta. Ina measc sin tá an fothacar méadaitheach de chuideachtaí teicneolaíochta aeráide na hÉireann atá ag dul in iomaíocht ar fud an domhain chun aghaidh a thabhairt ar phríomhdhúshláin inbhuanaitheachta i réimsí amhail uisce, fuinneamh, dramhaíl agus bonneagar. Sampla amháin den tacaíocht do chuideachtaí sa réimse seo ab ea seoladh an líonra Gael Offshore ag Fiontraíocht Éireann, d'fhonn deiseanna margaidh domhanda don tionscal gaoithe amach ón gcósta a fhiosrú.

*An Ciste um Aistriú Glas, a seoladh an 16 Meitheamh 2022

## CÁS-STAIDÉAR

### Portwest - ESG a chur chun cinn i ndáil le Feisteas Oibre Domhanda

PORTWEST
PEAK PROTECTION

Gnó faoi úinéireacht teaghlaigh is ea Portwest agus is é an chuideachta éadaí oibre is mó fáis ar fud an domhain é, ag speisialú in éadaí oibre lasairdhíonach agus ard-infheictheachta, cosaint láimhe agus coise, TCP (trealamh cosanta pearsanta) agus teicneolaíocht inchaite. Is é bunchuspóir Portwest a bheith ar an eagraíocht feisteas oibre is iontaofa agus is mó tóir, agus tá ról ríthábhachtach ag a straitéis inbhuanaitheachta agus dícharbónaithe chun é seo a bhaint amach.

### Cur chun Feidhme agus Tacaíocht

Rinne Portwest plé le Fiontraíocht Éireann, agus fuair sé treoir agus maoiniú deontais faoi GreenPlus chun cumais inmheánacha a chothú maidir lena astaíochtaí carbóin a ríomh agus monatóireacht a dhéanamh orthu ar bhonn leanúnach, plean dícharbónaithe agus straitéis inbhuanaitheachta a fhorbairt agus saincheisteanna comhshaoil agus inbhuanaitheachta eile a bhainistiú le bearta feidhmíochta ábhartha, PTFanna agus spriocanna ar fud a chuid oibríochtaí agus slabhra soláthair ag baint úsáide as modheolaíochtaí agus creataí a aithnítear go hidirnáisiúnta.

### Tionchar

Bhunaigh Portwest bonnlíne dá lorg carbóin agus chruthaigh sé straitéis inbhuanaitheachta atá uaillmhianach, ach indéanta, lena n-áirítear plean agus spriocanna laghdaithe carbóin. Tá líon níos mó custaiméirí ag lorg dintiúir chomhshaoil i gcónaí, agus ag éileamh trédhearcachta maidir le tionchair chomhshaoil agus iad ag roghnú soláthróirí a n-oibreoidh siad leo.

D’fhorbair an chuideachta Clár Inbhuanaitheachta ar a dtugtar Portwest Planet, le spriocanna inbhuanaitheachta atá sainithe go soiléir ar fud na dtrí ghné Chomhshaoil, Shóisialta agus Rialachais (ESG), amhail ábhair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a thabhairt isteach, ar nós poileistir athchúrsáilte agus cadáis orgánaigh; an lóistíocht a bharrfheabhsú chun astaíochtaí a laghdú; beartais foinsithe eiticiúla a neartú; tacú le tionscnaimh áitiúla fostaíochta agus pobail; agus ailíniú le creataí ESG an AE chun rialachas agus trédhearcacht a neartú. Chabhraigh sé seo le Portwest feabhas a chur ar cháil an bhranda agus ar mhuinín na bpáirtithe leasmhara, iomaíochas domhanda a choinneáil agus an inbhuanaitheacht a leabú i bpríomhoibríochtaí ag an am céanna. Tá rátáil inbhuanaitheachta airgid EcoVadis bainte amach ag Portwest chomh maith agus bhain siad gradam amach ag Gradaim ESG Gnó & Airgeadais.



## CÁS-STAIDÉAR

### Nutritics – Tionchar Comhshaoil a Uathoibriú le Foodprint

Is comhlacht bogearraí mar sheirbhís (SaaS) é Nutritics a chabhraíonn le gnólachtaí bia oidis a bhainistiú, sábháilteacht bia a chinntiú, costais a laghdú, agus monatóireacht a dhéanamh ar thionchar an chomhshaoil. Is é an misean atá acu an slabhra soláthair bia domhanda a nascadh trí shonraí bia iontaofa, agus léargas a sholáthar a chumasaíonn cinntí níos eolasaí.

### Cuspóirí an Tionscadail

Thug Nutritics faoi thionscadal Taighde, Forbartha agus Nuála le Fiontraíocht Éireann chun sonraí maidir le tionchar ar an gcomhshaol ar bhia agus deoch a chomhtháthú ina ardán. Ba é an aidhm ná cabhrú le gnólachtaí a lorg comhshaoil a rianú, a athchóiriú, agus a thuairisciú do thomhaltóirí, d'infheisteoirí, agus i bpróisis tairisceana - ag tabhairt aghaidh ar an éileamh méadaitheach ar thrédhearcacht agus inbhuanaitheacht san earnáil bia.

### Tionchar

D'fhorbair Nutritics Foodprint, uirlis a uathoibríonn ríomhanna lorg carbóin agus uisce do bhianna, oidis, agus biachláir. Leis an tacaíocht Taighde, Forbartha agus Nuála, cumasaíodh comhtháthú sonraí a bhaineann go sonrach leis an Ríocht Aontaithe agus le hÉirinn, foilsiú roghchlár digiteach, agus ardchláir astaíochtaí, rud a chuir ar chumas gnólachtaí feidhmíocht a rianú, miasa a athchóiriú, agus tionchar a chur in iúl do chliaint agus do thomhaltóirí. Tá Foodprint curtha i bhfeidhm ag roinnt custaiméirí, lena n-áirítear Aramark agus BaxterStorey, agus bronnadh tairiscint dhomhanda ar Nutritics chun tacú le COP28 in Dubai.

De réir mar a mhéadaíonn glacadh le Foodprint, méadaíonn a thionchar comhshaoil freisin. Bunaithe ar chás-staidéir atá ann cheana, is féidir 58,000 tonna $CO_2$ a bhaint do gach 1,000 suíomh a úsáideann Foodprint gach bliain – coibhéiseach le 13,600 carr peitril a bhaint den bhóthar gach bliain (bunaithe ar mheánastaíochtaí 4.26 tonna na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil in aghaidh na feithicle in aghaidh na bliana).

## Feidhmíocht i gcoinne príomhspriocanna agus méadrachtaí a bhaineann le fás inbhuanaithe na punainne de chuid Fhiontraíocht Éireann

| Topaic Ábhartha | Cineál | PTF | Sprioc do 2029 | Bonnlíne | Toradh 2022 | Toradh 2023 | Toradh 2024 | Treocht (Bliain ar Bhliain) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fás Inbhuanaithe - Cliaint | Straitéiseach | % de phunann na gcliant a bhfuil plean i bhfeidhm acu | 40% in 2025 agus 80% faoi 2029 | 24% in 2023 | 31% | 24% | 30% | Dearfach |
| Fás Inbhuanaithe - Cliaint | Straitéiseach | # Líon na gcuideachtaí a tharraingíonn maoiniú inbhuanaitheachta * | Rianú & tuairisciú | 84 in 2023 | 5 | 84 | 110 | Dearfach |

**Eochair:** Dearfach · Neodrach · Diúltach

### Tionscnaimh agus gníomhartha a rinneadh chun tacú le Fiontair na hÉireann

Tá Fiontraíocht Éireann ag obair le raon leathan dá cliaint chun iad a ullmhú le trádáil ar bhealach inbhuanaithe, agus a n-iomaíochas á fheabhsú aici agus aghaidh á tabhairt aici, san am céanna, ar thionchair chomhshaoil agus shóisialta.

### Seo cuid de na tionscnaimh sin:

- An Ciste um Aistriú Glas – Tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí chun ullmhú do thodhchaí níos ísle carbóin, níos inbhuanaithe. Tacaíonn an ciste le gníomhaíochtaí ó phleanáil tosaigh agus forbairt cumais go hinfheistíocht, taighde agus nuálaíocht chun carbón níos ísle, táirgí, próisis agus samhlacha gnó níos inbhuanaithe a fhorbairt. Tacaíonn an ciste chomh maith le cuideachtaí cuspóirí thionscnaimh éagsúla an Rialtais a bhaint amach, lena n-áirítear Plean na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide, Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Náisiúnta, an Plean Gníomhaíochta Bithgheilleagair, agus spriocanna an Gheilleagair Chiorclaigh.
- Punann cuideachtaí atá ag fás a bhunú ar fud na teicneolaíochta glaine agus réimsí eile a bhaineann le hinbhuanaitheacht.
- Tugann Seimineáir Ghréasáin Fiontraíochta Inbhuanaithe príomhléargais inbhuanaitheachta do ghnólachtaí ar an tírdhreach inbhuanaitheachta atá ag teacht chun cinn.
- Insíonn Podchraoltaí Fiontraíochta Inbhuanaithe scéalta cuideachtaí Éireannacha agus mar a thug siad tús áite d'inbhuanaitheacht laistigh dá ngnólachtaí.
- Cuidíonn na Ceardlanna Inbhuanaitheachta Kickstarter le ceannairí gnó FBManna tábhacht na hinbhuanaitheachta agus ESG a thuiscint agus na scileanna praiticiúla a thabhairt dóibh chun na prionsabail sin a leabú ina bpleananna gnó.
- Tugann Clár na gCeannairí Inbhuanaitheachta, i gcomhpháirtíocht le Skillnet Ireland agus Acadamh Skillnet um Ullmhacht don Aeráid, tacaíocht agus treoir phraiticiúil do ghnólachtaí na hÉireann chun pleananna gníomhaíochta inbhuanaitheachta a fhorbairt dá láithreáin.
- Treoir maidir le ceanglais inbhuanaitheachta ceannaitheoirí i bpríomh-mhargaí idirnáisiúnta.
- Reáchtáil Fiontraíocht Éireann a chéad Chruinniú Mullaigh Inbhuanaitheachta in 2024 agus bhí os cionn 500 ceannaire tionscail, lucht déanta beartas, agus saineolaithe inbhuanaitheachta i láthair ann.
- Leag an cruinniú mullaigh béim ar an gcaoi ar féidir le cuideachtaí Éireannacha inbhuanaitheacht a chomhtháthú ina gcroístraitéisí, agus ar an gcaoi sin iomaíochas a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ag an am céanna ar an éileamh domhanda ar tháirgí agus ar sheirbhísí níos glaise atá athléimneach ó thaobh na haeráide de.
- Is tionscnamh claochlaitheach é Clár Sustain-FIT de chuid Fhiontraíocht Éireann (2025–2029), a seoladh in 2025, atá ceaptha chun cumas taighde na hÉireann i réimsí na hinbhuanaitheachta agus an digitithe a neartú, agus aghaidh a thabhairt ag an am céanna ar an ngá práinneach atá le gníomhú ar son na haeráide. Arna chomhchistiú ag Fiontraíocht Éireann agus ag an Aontas Eorpach faoi Fhís Eorpach, earcóidh an clár, ar luach thart ar €15 mhilliún, 50 taighdeoir iardhochtúireachta ó gach cearn den domhan chun comhoibriú le cuideachtaí Éireannacha ar thionscadail taighde nuálacha atá dírithe ar an inbhuanaitheacht.

* An Ciste um Aistriú Glas, seoladh 16 Meitheamh 2022

## CÁS-STAIDÉAR

### Fuair xWave Technologies príomhchonarthaí NHS sa Ríocht Aontaithe

### Cuspóirí an Tionscadail

Ó 2022 i leith, rinne xWave plé le foireann inbhuanaitheachta Fhiontraíocht Éireann, ag baint úsáide as tacaíochtaí ón gCiste um Aistriú Glas chun plean gníomhaíochta agus beartais inbhuanaitheachta a fhorbairt, chun a lorg carbóin a ríomh agus chun Treochlár um Laghdú Carbóin a chruthú.

### Tionchar

Trí thacaíocht a fháil ó Fhiontraíocht Éireann, ceadaíodh do xWave plean inghníomhaithe a bhunú le tionchar, laghdú 39% a bhaint amach ar astaíochtaí GCT eagraíochtúla agus iontráil a fháil i margadh nua. Mar thoradh ar phlean inchreidte inbhuanaitheachta a bheith i bhfeidhm, fuair an chuideachta scór níos airde i dtairiscintí san earnáil phoiblí agus, dá bharr sin, bhuaigh sí conarthaí nua leis an NHS sa Ríocht Aontaithe, rud a thacaigh lena pleananna leathnaithe.

## Ag Tacú le Fostaíocht ar Ardchaighdeán agus Comhdheiseanna i bhFiontair na hÉireann

Is é giniúint na fostaíochta ar ardchaighdeán croíchuspóir sóisialta Fhiontraíocht Éireann. Déanann bonn leathnaithe fostaíochta baile pobail a neartú agus treisíonn sé fondúireachtaí eacnamaíocha na hÉireann i dtimpeallacht idirnáisiúnta atá ag éirí níos dúshlánaí agus níos dothuartha. Trí thacú le fiontair na hÉireann deiseanna fostaíochta cuimsitheacha, éagsúla agus cothroma a sholáthar, rannchuideofar, dá réir sin, le geilleagar níos iomaíche agus níos athléimní. Is cuid lárnach é sin i ngach a ndéanaimid.

Tá 234,454 duine fostaithe ag cuideachtaí de chuid Fhiontraíocht Éireann anois, agus tá 66% de na poist sin lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Tá ról ríthábhachtach ag cliaint Fhiontraíocht Éireann i ngeilleagar na hÉireann, rud a chuireann go mór le creatlach shóisialta agus geilleagair áitiúla cathracha, bailte agus sráidbhailte ar fud na tíre. Ag léiriú scála na ranníocaíochta seo, chaith cliantchomhlachtaí Fhiontraíocht Éireann €42.65 billiún i ngeilleagar na hÉireann in 2024.

Cruthaíonn digitiú, go háirithe IS agus uathoibriú, agus an t-aistriú glas raon rioscaí agus deiseanna d'fhostóirí agus d'fhostaithe na hÉireann. De réir mar a chuirtear dlús leis an dícharbónú agus leis an digitiú, is é an míbhuntáiste ná go bhféadfaí róil áirithe a easáitiú.

Meastar i dtaighde Rialtais le déanaí, mar shampla, go bhfuil gairmeacha arb ionann iad agus 63% den fhostaíocht nochta do IS agus go bhfuil 30% den fhostaíocht i ngairmeacha ina bhfuil riosca ann go bhféadfadh IS teacht in ionad saothair.

Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta do thacú le haistriú cóir déthaobhach, trí thacaíocht a thabhairt do chuideachtaí a sholáthraíonn fostaíocht ardchaighdeáin agus trína rannpháirtíocht le cliaint agus le soláthraithe scileanna maidir le riachtanais agus freagraí ó thaobh uasoiliúna de.

Tá deiseanna ann chomh maith sa spás fiontraíochta chun rannpháirtíocht mhéadaithe ó ghrúpaí a ndéantar gannionadaíocht orthu i bhfórsa saothair na hÉireann a spreagadh, ag cur lenár dtaithí agus ar an dul chun cinn láidir a rinneadh trínár Straitéis do Mhná i nGnó. Leathnóimid ár raon chuig grúpaí trínár gcláir fiontraíochta, ag aithint go neartóidh sraith níos leithne de bhunaitheoirí éagsúla an phunann cliant atá againn faoi láthair. Nasctha leis seo tá deiseanna chun pobail áitiúla a mhealladh, agus chun iad a chur ar an eolas faoinár gcláir agus faoinár misean, an eagraíocht agus ár gcomhghleacaithe a leabú tuilleadh sna pobail sin, lena n-áirítear i gceantair faoi mhíbhuntáiste.

Agus sinn ag rianú an dul chun cinn i gcoinne ár gcuspóirí sa réimse ríthábhachtach seo, féachfaimid níos faide ná líon na bpost agus rátaí pá agus rianóimid príomh-mhéadrachtaí eile freisin, lena n-áirítear líon na gcuideachtaí cliant a bhfuil mná ina mbaill díobh, ar fhoirne ardbhainistíochta agus ar bhoird.

## Tionscnaimh agus Gníomhartha Leanúnacha a rinneadh chun tacú le Fiontair na hÉireann

I measc na gcleachtas reatha agus na dtionscnamh atá le teacht atá an eagraíocht ag tabhairt fúthu chun tacú le comhdheiseanna agus le fostaíocht ardchaighdeáin i mbonn fiontraíochta na hÉireann, tá na nithe seo a leanas:

- Dul i dteagmháil le grúpaí a ndéantar tearcionadaíocht orthu agus measúnú a dhéanamh ar chumas ár gclár tacú le bonn fiontraíochta níos éagsúla.
- Dul i dteagmháil le gnólachtaí Éireannacha maidir le ceannaireacht agus scileanna le haghaidh aistriú digiteach agus inbhuanaithe trínár gcláir féin ar nós Spotsolas ar Scileanna agus trí chomhpháirtíochtaí le SOLAS agus le Skillnet Ireland, i measc nithe eile.
- Tionscnaimh nuálacha scileanna atá ailínithe le riachtanais an tionscail a chur chun cinn do chuideachtaí cliant, amhail tionscadal MicroCredential le Cumann Ollscoileanna Éireann maidir le Nuálaíocht Ghlas agus Dhigiteach.
- Spriocanna poist agus infheistíochta a sheachadadh, lena n-áirítear spriocanna réigiúnacha, faoi Straitéis Chorparáideach Fhiontraíocht Éireann 2025-2029.

### Feidhmíocht trí chliaint a dtacaítear leo, i gcoinne príomhspriocanna agus méadrachtaí a bhaineann le comhdheiseanna agus fostaíocht ar ardchaighdeán

| Topaic Ábhartha | Cineál | PTF | Sprioc do 2029 | Bonnlíne | Toradh 2022 | Toradh 2023 | Toradh 2024 | Treocht (Bliain ar Bhliain) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhdheiseanna - Cliaint | Rianú & tuairisciú | % le bean san fhoireann bainistíochta (1 ar a laghad) | N/Bh | 78% in 2023 | 76% | 78% | 80% | Dearfach |
| Comhdheiseanna - Cliaint | Rianú & tuairisciú | % na bhfostaithe ar fhoirne bainistíochta ar mná iad | N/Bh | 31% in 2023 | 31% | 31% | 30% | Diúltach |
| Comhdheiseanna - Cliaint | Rianú & tuairisciú | % na gcuideachtaí a bhfuil Bord acu ar a bhfuil bean amháin ar a laghad | N/Bh | 56% in 2023 | 54% | 56% | 59% | Dearfach |
| Comhdheiseanna - Cliaint | Rianú & tuairisciú | % POF baineann | N/Bh | 12% in 2023 | 11% | 12% | 14% | Dearfach |
| Fostaíocht ar Ardchaighdeán - Cliaint | Straitéiseach | # oiliúint ceannaireachta cliant na rannpháirtithe | Rianú & tuairisciú | 440 in 2023 | 891 | 440 | 617 | Dearfach |
| Fostaíocht ar Ardchaighdeán - Cliaint | Straitéiseach | Tuarastal in aghaidh an fhostaí (cliant) | Rianú & tuairisciú | €61,000 in 2023 | €58K | €61K | €66K | Dearfach |
| Fostaíocht ar Ardchaighdeán - Cliaint | Straitéiseach | Poist chliaint | 275,000 in 2029 | 225,495 in 2023 | 218,178 | 225,495 | 234,454 | Dearfach |

**Eochair:** ● Dearfach ● Neodrach ● Diúltach

## CÁS-STAIDÉAR

### Rannpháirtíocht Tallainne agus Scileanna chun Tacú le hAistriú Cóir Digiteach agus Glas

Chun tacú le haistriú cóir fhiontraíocht na hÉireann, tá Fiontraíocht Éireann tar éis comhoibriú a dhéanamh le comhlachtaí náisiúnta oideachais agus oiliúna ar thionscnaimh éagsúla forbartha scileanna digiteacha agus glasa. Sampla den chomhoibriú sin is ea an obair le SOLAS tríd an gclár Skills to Advance, a chuireann scileanna glasa agus digiteacha chun cinn trí mhicreacháilíochtaí.

Chomh maith leis sin, tá Fiontraíocht Éireann i gcomhpháirtíocht le Skillnet Ireland agus leis an Skillnet Climate Ready Academy chun an Clár na gCeannairí Inbhuanaitheachta a sheachadadh; clár atá arna chomhchistiú ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach, agus a chabhraíonn le gnólachtaí prionsabail ESG a leabú ina straitéisí agus ina n-oibríochtaí.

Tacaíonn Fiontraíocht Éireann le tionscadal MicroCreds de chuid Chumann Ollscoileanna na hÉireann, a thairgeann micridhintiúir chreidiúnaithe i gcóras na n-ollscoileanna, lena n-áirítear a dtiomantas do nuálaíocht ghlas agus dhigiteach a chur chun cinn. Tá na gearrchúrsaí seo ailínithe le riachtanais an tionscail agus clúdaíonn siad topaicí amhail ceannaireacht aeráide, airgeadas inbhuanaithe, fiontraíocht dúlra-bhunaithe, agus claochlú digiteach ar mhaithe le hinbhuanaitheacht.

Cuidíonn clár Spotlight on Skills de chuid Fhiontraíocht Éireann le ceannairí sinsearacha gnó bearnaí ríthábhachtacha scileanna a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu laistigh dá n-eagraíochtaí, agus cumais an lucht saothair á n-ailíniú le cuspóirí fáis i réimsí na hinbhuanaitheachta, na ceannaireachta agus an chlaochlaithe dhigitigh. Tacaíonn an clár Attracting & Retaining Talent, a sheachadtar i gcomhar le Conscia, le gnólachtaí straitéisí láidre tallainne a fhorbairt, lena n-áirítear treoir maidir le hearcaíocht agus coinneáil, agus sraith seimineár gréasáin ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI). Ar deireadh, cuireann an comhoibriú Talent First le IDA Ireland agus Skillnet Ireland ar chumas gnólachtaí fórsaí saothair athléimneacha, aclaí a thógáil trí uirlisí nuálaíochta praiticiúla, agus aghaidh á tabhairt ar phríomhdhúshláin i dtaca le tallann a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt.




Tá Skillnet Ireland agus Fiontraíocht Éireann i gcomhpháirtíocht chun an Clár Ceannairí Inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm do ghnólachtaí na hÉireann; clár a sheachadann an Skillnet Climate Ready Academy. Sa ghrianghraf: Maria Kelly, Stiúrthóir an Skillnet Climate Ready Academy, in éineacht le Príomhfheidhmeannach Skillnet Ireland, Mark Jordan.

# Aguisín 1

## Ábharthacht – Modheolaíocht

Bhí an mhodheolaíocht a úsáideadh do mheasúnú ábharthachta Fhiontraíocht Éireann bunaithe ar mhodheolaíocht na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD) i dtaca le hábharthacht dhúbailte - measúnú ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag Fiontraíocht Éireann ar dhaoine agus ar an gcomhshaol, chomh maith leis an gcaoi a bhféadfadh saincheisteanna inbhuanaitheachta rioscaí a chruthú d'Fhiontraíocht Éireann.

Glacadh na céimeanna seo a leanas:

- Sainaithníodh gearrliosta de thopaicí inbhuanaitheachta ábhartha i gcomhairle le comhghleacaithe ó Ghrúpa Oibre Inbhuanaitheachta inmheánach Fhiontraíocht Éireann (féach Tábla 1). Forbraíodh an liosta ag baint úsáide as topaicí arna sainiú faoi na Caighdeáin Eorpacha um Thuairisciú Inbhuanaitheachta (ESRS). Forbraíodh topaicí ESRS chun cabhrú le heagraíochtaí an CSRD a chomhlíonadh nó ailíniú leis.
- Tugadh faoi rannpháirtíocht leis an bhfoireann cheannaireachta, le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara seachtracha (trí shuirbhé agus agallaimh duine le duine), chomh maith le Bord Fhiontraíocht Éireann, chun na nithe seo a leanas a thuiscint:
    - » Tionchar Fhiontraíocht Éireann ar thopaicí inbhuanaitheachta (ESG)
    - » Tionchair chliaint Fhiontraíocht Éireann ar thopaicí inbhuanaitheachta (ESG)
    - » Rioscaí inbhuanaitheachta do fheidhmíocht Fhiontraíocht Éireann
- Trínár rannpháirtíochtaí, mapáladh tionchair/rioscaí/deiseanna gaolmhara laistigh de na réimsí topaice; rinneadh roinnt topaicí a bheachtú nó a chumasc; agus sainaithníodh topaicí ábhartha eile.
- Rinneadh achoimre ar thorthaí rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara chun bonn eolais a chur faoi mhaitrís ábharthachta bheartaithe, le bailíochtú/aiseolas a fháil ón mBord.
- Leagann an mhaitrís béim ar na hábhair tosaíochta is airde don eagraíocht bunaithe ar ionchuir na bpáirtithe leasmhara. Níl gearrliosta iomlán na dtopaicí curtha san áireamh ar an maitrís.

**Gearrliosta de thopaicí ábhartha maidir le hInbhuanaitheacht**

| Comhshaol | Sóisialta | Rialachas |
|---|---|---|
| • Úsáid fuinnimh agus astaíochtaí<br>• Oiriúnú aeráide<br>• Ídiú uisce agus díluchtú uisce<br>• Bainistíocht bithéagsúlachta<br>• Bainistíocht Fhreagrach ar Shlabhra an tSoláthair (lena n-áirítear soláthar)<br>• Bainistíocht dramhaíola agus ciorclaíocht | • Cóir chomhionann agus deiseanna do chách<br>• Fostaíocht ar ardchaighdeán<br>• Príobháideacht sonraí agus cibearshlándáil | • Rialachas corparáideach<br>• Eitic agus comhlíonadh |

**Téamaí Trasearnálachas**

- Earnálacha inbhuanaitheachta a fhorbairt (e.g. tionscail neodracha, geilleagar ciorclach)
- Inbhuanaitheacht na gcliant a chur chun cinn

## Sainmhínithe Ábharthacht agus Páirtithe Leasmhara

Leagtar amach thíos, go níos mionsonraithe, na sainmhínithe ar na topaicí ábhartha a ghabhtar i maitrís ábharthachta Fhiontraíocht Éireann.

- **Laghdú astaíochtaí –** Freagairt astaíochtaí Fhiontraíocht Éireann/ár gcliant, lena n-áirítear laghdú ar astaíochtaí carbóin, laghdú ar an éileamh ar fhuinneamh, agus giniúint fuinnimh in-athnuaite.
- **Inbhuanaitheacht na gcliant a chur chun cinn –** Tacaíocht Fhiontraíocht Éireann do chliaint chun gealltanais inbhuanaitheachta agus tairiscintí tráchtála a fheabhsú, lena n-áirítear feasacht, pleanáil, tuairisciú, comhlíonadh rialála, agus claochlú gnó.
- **Fostaíocht ardchaighdeáin –** tionchar sóisialta Fhiontraíocht Éireann/ár gcliant trí fhostaíocht ardchaighdeáin a sheachadadh d'oibrithe Éireannacha agus domhanda.
- **Cóir chomhionann agus deiseanna –** fócas Fhiontraíocht Éireann/ár gcliant ar chothromas, éagsúlacht agus cuimsiú agus cuimsitheacht thacaíochtaí Fhiontraíocht Éireann do ghrúpaí a ndéantar tearcionadaíocht orthu.
- **Infheistíocht agus tacaíocht fhreagrach –** breithniú Fhiontraíocht Éireann ar shaincheisteanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais agus cinntí tacaíochta deontais agus infheistíochta á ndéanamh aici agus a rannpháirtíocht chun tacú le tionchar dearfach comhshaoil, sóisialta agus rialachais ar fud a punann infheistíochta deontaschúnta, díreach agus indíreach.
- **Cibearshlándáil agus slándáil sonraí –** bainistíocht Fhiontraíocht Éireann ar rúndacht, sláine agus infhaighteacht sonraí agus faisnéise chliaint agus fhostaithe Fhiontraíocht Éireann trí bhainistiú sonraí sábháilte agus slán ar chosaint bhonneagar teicneolaíochta Fhiontraíocht Éireann i gcoinne rochtana neamhúdaraithe.

- **Eitic agus comhlíonadh –** comhlíonadh Fhiontraíocht Éireann leis na ceanglais rialála is infheidhme agus le beartais Rialtais, agus beartais um rialachas corparáideach inmheánaigh agus eitice.
- **Bainistíocht fhreagrach sa slabhra soláthair –** bainistíocht fhreagrach i slabhra soláthair Fhiontraíocht Éireann/ár gcliant i dteagmháil le soláthróirí go hidirnáisiúnta agus go náisiúnta maidir lena dtionchar ar an gcomhshaol, meas ar chearta an duine agus ardchaighdeáin saothair a chur chun cinn.
- **Ciorclaíocht –** bainistíocht, athchúrsáil agus athúsáid dramhaíola Fhiontraíocht Éireann/ár gcliant agus a soláthróirí.
- **Oiriúnú don aeráid –** freagairt Fhiontraíocht Éireann/ár gcliant maidir le hoiriúnú don aeráid, lena n-áirítear bainistíocht a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide ar oibríochtaí gnó agus ar rioscaí agus deiseanna a eascraíonn as aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin.
- **Bithéagsúlacht –** bainistíocht Fhiontraíocht Éireann/ár gcliant ar bhithéagsúlacht lena n-áirítear speicis agus gnáthóga a chosaint agus a chur chun cinn ar shuíomh an chliaint agus laistigh de shlabhraí soláthair.
- **Bainistíocht uisce –** cur chuige Fhiontraíocht Éireann/ár gcliant i leith bainistíocht uisce lena n-áirítear tomhaltas uisce agus bainistíocht dramhaíola uisce.

## Liosta de na Páirtithe Leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo

Tugadh faoi rannpháirtíocht páirtithe leasmhara chun na réimsí inbhuanaitheachta is ábhartha d'Fhiontraíocht Éireann a shainaithint. Glacadh an cur chuige seo a leanas, agus chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara:

### Go hinmheánach:

- Cuireadh Suirbhé na hÁbharthachta i bhfeidhm don fhoireann cheannaireachta (55 freagra) agus do chomhghleacaithe (53 freagra).
- Reáchtáladh dhá cheardlann leis an nGrúpa Oibre Inbhuanaitheachta inmheánach agus leis an bhFoireann Ardcheannaireachta.

### Go seachtrach:

- Tionóladh cruinnithe duine le duine leis na heagraíochtaí seo a leanas:
  - » An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
  - » An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus na Gaeltachta
  - » An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil
  - » An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
  - » An tÚdarás Forbartha Tionscail (IDA)
  - » Taighde Éireann
  - » Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
  - » Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann
  - » An Ciste Eorpach Infheistíochta
  - » Bord Bia
  - » An tÚdarás um Ard-Oideachas
  - » Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
  - » Cumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath
  - » Cumann an Ardoideachais Theicneolaíoch
  - » Scale Ireland
  - » Cumann Caipitil Fiontair na hÉireann
- Fuarthas ionchuir chliaint trí fhóraim chomhairliúcháin réigiúnacha cliaint
- Fuarthas ionchuir shuirbhé ó:
  - » SOLAS
  - » Skillnet Ireland
  - » Tairseach Teicneolaíochta Fuinnimh CREDIT
  - » Ionad Teicneolaíochta Próiseála Déiríochta
  - » Ionad Teicneolaíochta Déantúsaíochta Cógaisíochta
  - » An Coimisiún Eorpach (DG Grow)

# Aguisín 2

## Creataí Inbhuanaitheachta agus Oibleagáidí Tuairiscithe

Tá an chéad Tuarascáil Inbhuanaitheachta bunaithe ar chreataí inbhuanaitheachta dea-chleachtais mar aon le hoibleagáidí tuairiscithe náisiúnta Fhiontraíocht Éireann.

### Creata Inbhuanaitheachta:

Bhain Fiontraíocht Éireann leas as dhá chreat inbhuanaitheachta a aithnítear go hidirnáisiúnta chun a Plean Inbhuanaitheachta a mhúnlú: Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe agus Treoir an AE maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD).

Cuireann SFInna na Náisiún Aontaithe treoirphlean ar fáil do rialtais agus do ghníomhaithe eile chun todhchaí níos inbhuanaithe a chur chun cinn do chách. Tacaíonn Plean Inbhuanaitheachta Fhiontraíocht Éireann le príomh-SFInna a thagann go díreach lena sainordú.

Leagtar amach thíos na SFInna tosaíochta don ghníomhaireacht, agus mar atá siad i gcomhréir lenár sainordú:

### SFI 8 – Obair Fhiúntach agus Fás Eacnamaíoch

"Fás geilleagrach seasmhach, cuimsitheach agus inbhuanaithe, lánfhostaíocht tháirgiúil agus obair chuibhiúil do chách a chur chun cinn"

Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta do phoist ar ardchaighdeán a chruthú, onnmhairí a mhéadú agus infheistíocht a chur chun cinn i ngeilleagar na hÉireann. Ina theannta sin, leagann sí béim láidir ar thallann agus ar fhorbairt scileanna, ar cheannaireacht, agus ar chultúr uilechuimsitheach, éagsúil agus oscailte a chothú laistigh dá lucht saothair féin.

### SFI 9 – Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar

"Bonneagar athléimneach a thógáil, tionsclaíocht chuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn agus nuálaíocht a chothú"

Déanann Fiontraíocht Éireann nuálaíocht thionsclaíoch a chur chun cinn trí ghnólachtaí a chumasú chun a gcuid scileanna taighde intí a fheabhsú. Éascaíonn sí, chomh maith leis sin, comhoibriú idir gnólachtaí uaillmhianacha agus éiceachóras taighde agus nuálaíochta na hÉireann. Tá ról lárnach ag ár mbonneagar taighde agus nuálaíochta scaipthe – ionaid agus geataí teicneolaíochta, gorlanna agus moil agus ionaid fiontraíochta – i bhforbairt fiontraíochta ar fud na réigiún.

### SFI 12 – Táirgeadh agus Tomhaltas Freagrach

"Patrúin tomhaltais inbhuanaithe agus táirgíochta a chinntiú"

Cuidíonn Fiontraíocht Éireann le gnólachtaí trádáil inbhuanaithe a dhéanamh, ag tacú le cliantchuideachtaí aghaidh a thabhairt ar a bpríomhthionchair chomhshaoil, shóisialta agus rialachais, le príomhfhócas ar dhícharbónú a spreagadh i measc na n-astaírí is mó atá againn, agus ídiú uisce, laghdú dramhaíola agus ciorclaíocht fhreagrach á gcur chun cinn ag an am céanna.

13 GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

## SFI 13 – Gníomhú ar son na hAeráide

### "Gníomhú go práinneach chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus a thionchar"

Tacaíonn Fiontraíocht Éireann le dícharbónú agus le leathnú glan nialasach agus fócas á chur ar fhiontair mhóra astaithe. Ina theannta sin, tá Fiontraíocht Éireann ag obair go gníomhach chun a lorg carbóin féin a laghdú trí réimsí nua atá le feabhsú a shainaithint ar bhonn leanúnach. Is dlí AE é an CSRD a cheanglaíonn ar chuideachtaí faisnéis a nochtadh maidir lena bpríomhthionchair shóisialta agus chomhshaoil, a rioscaí agus a ndeiseanna, chomh maith le tionscnaimh chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí sin.

Cé nach gceanglaítear ar Fhiontraíocht Éireann an reachtaíocht seo a chomhlíonadh go díreach, ceanglaítear ar an eagraíocht tuairisc a thabhairt ar ábhair inbhuanaitheachta, lena n-áirítear gníomhú ar son na haeráide, faoi Shainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide (féach thíos le haghaidh ár n-oibleagáidí tuairiscithe inbhuanaitheachta). Mar sin féin, is uirlis thábhachtach é an CSRD a chuireann ar ár gcumas rioscaí, deiseanna agus tionchair inbhuanaitheachta a thuiscint faoi chreat comhchoiteann.

Is é an CSRD freisin an creat tuairiscithe a gcaithfidh ár gcliantchuideachtaí ailíniú leis, go díreach nó go hindíreach, mar chuid de shlabhraí luacha cuideachtaí móra. Bhunaigh Fiontraíocht Éireann a cur chuige ábharthachta agus a struchtúr tuairiscithe ar an CSRD.

## Dualgais Náisiúnta um Thuairisciú Inbhuanaitheachta:

Ceanglaítear ar Fhiontraíocht Éireann tuairisc a thabhairt faoi roinnt beartas agus píosaí reachtaíochta náisiúnta, na cinn seo a leanas go háirithe:

- **Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí** – forbraíodh an sainordú chun a chinntiú go gcomhlíonann comhlachtaí poiblí an tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus an tAcht um Fhorbairt Ísealcharbóin 2021. Foilsítear an sainordú mar chuid den Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus tá sé ag teacht le spriocanna níos leithne na dtreoracha inbhuanaitheachta de chuid an Aontais Eorpaigh. Mar eagraíocht earnála poiblí, ní mór d'Fhiontraíocht Éireann astaíochtaí gás ceaptha teasa, ídiú fuinnimh, agus gníomhartha a dhéantar chun ár n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus ár lorg carbóin a laghdú a nochtadh.
- **Straitéis Ghlas um Sholáthar Poiblí** – tá sé mar aidhm ag an straitéis seo cur i bhfeidhm cleachtas glas agus ciorclach soláthair a bhrú chun cinn ar fud na hearnála poiblí.
- **Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine** – ag cinntiú go bhfuil aird ag an eagraíocht ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint dóibh siúd a ndéanaimid seirbhís dóibh agus dár bhfoireann.
- **An tAcht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní 2021** – ceanglaítear ar an eagraíocht faisnéis a fhoilsiú maidir le luach saothair na foirne, miondealaithe de réir inscne, agus bearnaí sa luach saothair a shainaithint agus tuairisc a thabhairt orthu.
- **An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht** – ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar chuspóirí agus spriocanna an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht agus tuairisc a thabhairt ar na bearta a glacadh agus ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo cuspóirí.

# Aguisín 3

## Achoimre Iomlán Méadrachtaí Inbhuanaitheachta Fhiontraíocht Éireann

| Topaic Ábhartha | Cineál | PTF | Sprioc do 2029 | Bonnlíne | Toradh 2022 | Toradh 2023 | Toradh 2024 | Treocht (Bliain ar Bhliain) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gníomhú ar son na hAeráide - Fiontraíocht Éireann | Sprioc | Astaíochtaí náisiúnta GCT Fhiontraíocht Éireann Scóip 1 agus 2 | Tá gach cosúlacht ann go mbainfear laghdú 74% (go 367 tona $CO_2$) amach faoi 2030; gar do ghlan-nialas faoi 2050 | 1392.4 tonna $CO_2$ (meán 2016-18) | 824.5$tCO_2$ | 602.5$tCO_2$ | 572.4$tCO_2$ | |
| Gníomhú ar son na hAeráide - Fiontraíocht Éireann | Sprioc | Éifeachtúlacht fuinnimh náisiúnta Fhiontraíocht Éireann (Feidhmíocht Fuinnimh Táscaire - úsáid fuinnimh/troigh chearnach) | Feabhas 50% a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh (Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh de 315) faoi 2030 | Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh de 629 in 2009 | Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh de 252 | Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh de 201 | Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh de 197 | |
| Gníomhú ar son na hAeráide - Fiontraíocht Éireann | Rianú & tuairisciú | Astaíochtaí breosla iontaise intíre | 98.5 tonna (2030) | 200.9 tonna (meán 2016-2018) | 152.9 tonna | 129.6 tonna | 136.1 tonna | |
| Gníomhú ar son na hAeráide - Fiontraíocht Éireann | Rianú & tuairisciú | Astaíochtaí eitilte gnó | Rianú & tuairisciú | 2455 tonna (2023) | N/A | 2455 tonna | 2847 tonna | |
| Comhdheiseanna — Fiontraíocht Éireann | Sprioc | Caighdeán tagarmhairc um chuimsiú domhanda* go 2029 a bhaint amach agus a choinneáil | 73% in 2029 | 71% | N/A | 71% | 71% | |

| Topaic Ábhartha | Cineál | PTF | Sprioc do 2029 | Bonnlíne | Toradh 2022 | Toradh 2023 | Toradh 2024 | Treocht (Bliain ar Bhliain) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhdheiseanna — Fiontraíocht Éireann | Rianú & tuairisciú | Bearna Phá Inscne de chuid Fhiontraíocht Éireann | N/Bh | 17% in 2023 | 18% | 17% | 15% | |
| Fostaíocht ar Ardchaighdeán — Fiontraíocht Éireann | Straitéiseach | Tagarmharc Áit Shláintiúil chun Oibre a bhaint amach agus a chothabháil | 70% in 2029 | 65% | N/A | 65% | ** | |
| Gníomhú ar son na hAeráide - Cliaint | Sprioc | Laghduithe 35% ar astaíochtaí $CO_2$ sa tionscal faoi 2030 (Astaíochtaí Cliant ETS) | Laghdú 35% faoi 2030 | 4.05 $MtCO_2$ (2018) | 3.9$MtCO_2$ | 3.7$MtCO_2$ | 3.2$MtCO_2$ | |
| Gníomhú ar son na hAeráide - Cliaint | Sprioc | Líon na gcliant a thomhaiseann astaíochtaí Raon Feidhme 1 agus 2 | 80% faoi 2029 | 7% in 2023 | 10% | 7% | 10% | |
| Comhdheiseanna — Cliaint | Rianú & tuairisciú | % le bean san fhoireann bainistíochta (1 ar a laghad) | N/Bh | 78% in 2023 | 76% | 78% | 80% | |
| Comhdheiseanna — Cliaint | Rianú & tuairisciú | % na bhfostaithe ar fhoirne bainistíochta ar mná iad | N/Bh | 31% in 2023 | 31% | 31% | 30% | |
| Comhdheiseanna — Cliaint | Rianú & tuairisciú | % na gcuideachtaí a bhfuil Bord acu le bean amháin ar a laghad air | N/Bh | 56% in 2023 | 54% | 56% | 59% | |
| Comhdheiseanna — Cliaint | Rianú & tuairisciú | % POF baineann | N/Bh | 12% in 2023 | 11% | 12% | 14% | |

| Topaic Ábhartha | Cineál | PTF | Sprioc do 2029 | Bonnlíne | Toradh 2022 | Toradh 2023 | Toradh 2024 | Treocht (Bliain ar Bhliain) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fostaíocht ar Ardchaighdeán — Cliaint | Straitéiseach | # oiliúint ceannaireachta cliant na rannpháirtithe | Rianú & tuairisciú | 440 in 2023 | 891 | 440 | 617 | ● |
| Fostaíocht ar Ardchaighdeán — Cliaint | Straitéiseach | Tuarastal/ fostaí cliant | Rianú & tuairisciú | €61,000 in 2023 | €58K | €61K | €66K | ● |
| Fostaíocht ar Ardchaighdeán — Cliaint | Straitéiseach | Poist chliaint | 275,000 in 2029 | 225,495 in 2023 | 218,178 | 225,495 | 234,454 | ● |
| Fás Inbhuanaithe — Cliaint | Straitéiseach | % punann cliant agus plean i bhfeidhm acu | 40% in 2025 agus 80% in 2029 | 24% in 2023 | 31% | 24% | 30% | ● |
| Fás Inbhuanaithe — Cliaint | Straitéiseach | # Líon na gcuideachtaí a tharraingíonn maoiniú inbhuanaitheachta *** | Rianú & tuairisciú | 84 in 2023 | 5 | 84 | 110 | ● |

**Eochair:** ● Dearfach ● Neodrach ● Diúltach

*Ag baint leasa as Inclusio faoi láthair, agus conradh i bhfeidhm go dtí 2027.

**Déanfar an chéad suirbhé tagarmharcála iomlán eile ar Áit Shláintiúil chun Oibre faoi R1 2026.

***An Ciste um Aistriú Glas, a seoladh an 16 Meitheamh 2022

Fiontraíocht Éireann

Is é Fiontraíocht Éireann an eagraíocht Rialtais atá freagrach as forbairt agus fás fiontair Éireannacha i margaí an domhain. Oibrímid i gcomhar le fiontair Éireannacha chun cabhrú leo tosú, fás, nuáil agus díolacháin easpórtála a bhaint amach ar mhargaí domhanda. Ar an mbealach seo, tugaimid tacaíocht d'fhás eacnamaíoch inbhuanaithe, forbairt réigiúnach agus fostaíocht sheasmhach.

Chun tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar www.enterprise-ireland.com

Fiontraíocht Éireann, An Plaza, Páirc Gnó an Phointe Thoir, Baile Átha Cliath 3, D03 E5R6
Fón: (01) 727 2000

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland